


Tuarascáil Bhliantúil 2009



Oifig an Stiúirhóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:

Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach,

16 Cearnóg Pharnell,
Baile Átha Cliath 1.

Guthán: 01 858 5800

Íoslao: 1890 315 015

Facs: 01 858 5801

Ríomhphost: info@odce.ie

Suíomh Gréasáin: www.odce.ie

© Rialtas na hÉireann 2010

ISBN 978-1-4064-2503-1

BAILE ÁTHA CLIATH:

ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR.

Le ceannach díreach on
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID MOLESWORTH,
BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH.
(Tel: 01 647 6834/35/36/37; Facs: 01 672 5449)
nó trí aon díoltóir leabhar.

Praghas: €10.00

ISBN 978-1-4064-2503-1



9 781406 425031

Clár Ábhair

Brollach ón Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	3
Réamhrá	4
Aidhm 1 – Tuiscint an Phobail ar Ceartanna/Dualgais Dlí na gcuideachtaí a Fheabhsú	5
Aidhm 2 – Aghaidh a thabhairt ar Iompar Mídhleathach maidir le Dlí na gCuideachtaí	13
Aidhm 3 – Seirbhísí den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha	28
Ionchas	32
Aguisíní	33

Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bhreis cheada, ar choinníoll:

- go bhfuil an faisnéis atáirgthe go cruinn;
- go mbaintear úsáid as d'fhonn dlíthúil nó cuí;
- go n-admhaítear foinse an eolais agus cóipcheart go soiléir agus
- nach baintear úsáid as an eolas le príomh-aidhm fógraíocht nó táirge nó seirbhís áirithe a chur chun cinn.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar Comhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dliteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© **Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2010**

Focal Factory agus foireann an Stiúrthóra a d'aistrigh an Tuarascáil Bhliantúil seo go Gaeilge

Brollach



De bhun alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí na gCuideachtaí 2001 is cúis áthais dom Tuarascáil na hOifige don bhliain 2009 a chur faoi bhráid an tUasal Batt O’Keeffe, T.D., Aire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta.

Bunaíonn Achtanna na Cuideachta 1963 go 2009 creatlach dualgais, oibleagáidí agus ceartanna a leagann amach an módh ina idirghníomhaíonn cuideachtaí, stiúirtheoirí cuideachta, scairsealbhoirí, creidiúnaithe, iniúchóirí agus eile le chéile ar bonn cothrom. Is tasc don OSFC é a áirithiú go oibríonn cothromaíocht dualgais agus ceartanna dáilte idir gearsealbhoirí cuideachta mar atá beartaithe ag an dlí. Feicimid muid féin:

- ag cabhrú leis na daoine ar mhian leo a ndualgais dlíthiúil a chomhlíonadh;
- ag cur in aghaidh mhí-iompar na ndaoine ar bhaolach go ngéillfeadh siad don chathú gan dlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh agus
- ag ionchúiseamh iad is féidir go sháraigh said a ndualgais agus a n-oibleagáidí faoin dlí.

Bhí i 2009 bliain fiordhúlánach agus maslach don Oifig. Go háirithe, imlonnadh acmhainnigh suntasach chun imscrúdú ábhair áirithe in Anglo Irish Bank Corporation Ltd, an imscrúdú is fairsinge a rinne an Oifig riamh. Bhí ar an Oifig freisin déileáil le méadú suntasach rátaí dóchmhainneachta trín bhliain. Chuir na éilimh eiseachtúil seo brú suntasach ar an Oifig agus d’fhorsáil said muid athmheasúnú a dhéanamh ar an obair gafa de láimh againn agus é a athchur in ord tosaíochta. Chabraig na céimeanna tógtha linn cuid de na deacrachtaí seo a shárú agus breis dul chun cinn a dhéanamh anuraidh.

Le seo mar cúlra, is mian liom an obair rithábhachtach agus gnóthachtálacha na hOifige i 2009 a leanas a aibhsíú:

- an obair fairsing gafa de láimh ar imscrúdú Anglo, cleachtadh ár gcumhachtaí cuardaigh agus urghabhála faoi Achtanna na gCuideachtaí san áireamh;
- críoch Fiosrúcháin an Cigire Ard-Chúirte ar DCC plc, S&L Investments Ltd. agus Lotus Green Ltd. ar gnéithe éagsúla ceannach agus díol scaireanna Fyffes plc i 1995 agus 2000;
- méadú de 47% ó 1,036 go dtí 1,519 i líon tuarascálacha nua agus gearáin a fuair an Oifig i 2009. Ar an drochuair, bhí an cuid is mó den méadú seo dá dhroim méadú líon na cuideachta nua-dóchmhainneacha agus fás comhshníoch tuarascálacha tosaigh ó leachtaitheoirí;
- méadú de 22% ó 1,184 go dtí 1,446 i líon cásanna a chríochar i 2009. Bhí an méadú seo de dhroim go mór ar ár obair breise tuarascálacha leachtaitheoirí a mheasúnú;

- eisiúint 14 foilseacháin dlí na gcuideachtaí i leith i 2009, sraith ocht ‘treoir tapa’ faoi dualgais dlí na gcuideachtaí san áireamh. Dáileadh thart ar 23,500 cóipeanna foilseacháin éagsúla na hOifige i rith an bliain;
- seachadadh 67 curanna i láthair do thart ar 3,700 daoine agus tinreamh ag aon taispeántas déag agus seimineár i 2009. B’ é príomh-aidhm an gníomhaíochta seo ná eolas a thabhairt do leasanna gnó agus gairmiúil agus an pobal go ginearálta dá gceartanna agus ndualgais faoi Achtanna na gCuideachtaí;
- iomlán deich dícháiliú agus sé ciontuith (le dhá chúiseanna déag breise curtha san áireamh) le haghaidh sárúithe éagsúla dlí na gcuideachtaí agus dualgais. Daingneadh ciontuith OSFC i dhá achomharc fhreagróirí os comhair na Cúirte Choiriúil Chuarda. Freisin i 2009, neamhníodh dícháiliú amháin a chinn i 2008 ar achomharc roimh an Cúirt Uachtarach;
- caiteachas airgeadais thart ar €5.8 milliún, méadú de 34% ar toradh €4.34 milliún i 2008. B’ é príomh-chúis an méadú ná costas Fiosrúcháin DCC atá críochnaithe anois;
- méadú cúigear i líon foirne na hOifige i 2009. Imlonnadh an foireann breise chun tacaíocht a thabhairt do imscrúdú Anglo agus an méadú mór in obair dóchmhainneacha corparáideach na hOifige.

Tá buíochas ar leith dlite do na hAirí agus do foireann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíocht i 2009 as a dtacaíocht airgeadais agus foirne don Oifig in aimsir deacair eacnamaíochta.

Ba mhaith liom buíochas a thabhairt don foireann tiomnaithe agus dícheallach as a dtiomántas leanúint dár obair tábhachtach. D’ainneoin an fíric go bhfuil an tríú cuid de foireann OSFC gafa leis an imscrúdú Anglo ar bonn lán-aimseartha, sheachaid go rathúil an chuid eile den foireann tréachur méidithe i roinnt réimse de shainchúram na hOifige.

Is mian liom freisin an tacaíocht leanúint don Oifig i 2009 ón tOireachtas, an Rialtas, na Cúirteanna agus lucht gairmiúil a d’fhostaíomar a admháil. Tá achtachán agus feidhmiú Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009 ag déanamh cion luachmhar dár obair imscrúdaithe.

Tá súil agam go leanfaidh i 2010 an tacaíocht seo agus tacaíocht an phobail agus leasanna gnó agus gairmiúil agus go leanfaimid difríocht dearfach a dhéanamh chun caighdeán corparáideach a chaomhnú ar leas an phobail san iomlán. Tá ár n-iarrachtaí comhchoiteann ag cabhrú le lucht gnóthais, leasanna phobail agus an pobal go ginearálta dul i ngleic le chéile go coir cothrom trí cuideachtaí Éireannaigh.

Paul Appleby
Stiúirtheoir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
31 Márta 2010

Réamhrá

Mar a leagtar amach in Acht um Fhorfheidhmiú Dlí na gCuideachtaí 2001, is iad na trí príomh-fheidhmeanna an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ná:

- comhlíonadh le hAchtanna na gCuideachtaí a spreagadh;
- ciontuíthe amhrasta faoi na hAchtanna a imscrúdú agus
- imeachtaí fhorfheidhmiú a thioncsnamh i gcoinne sárúithe dlí nó dualgais cuideachta.

I gcomhréir leis an creat reachtúil seo, tá sa straitéis reatha an Stiúrthóra na príomh-aidhmeanna agus fo-aidhmeanna gaolmhara leagtha amach sa tábla a leanas.

Aidhmeanna agus Fo-Aidhmeanna Straitéiseach an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Aidhm 1: Tuiscint an Phobail ar Ceartanna/ Dualgais Dlí na gCuideachtaí a Fheabhsú

- Fo-Aidhm 1.1: Ardú Caighdeán Ghéilliúntais
- Fo-Aidhm 1.2: Ár gCaidreamh le Geallsealbhóirí a Dhoimhniú
- Fo-Aidhm 1.3: Dul i gCion ar Forbairt Polasaí

Aidhm 2: Aghaidh a thabhairt ar Iompar Mídhleathach maidir le Dlí na gCuideachtaí

- Fo-Aidhm 2.1: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Mhí-iompar a Shainiú
- Fo-Aidhm 2.2: Achtanna na gCuideachtaí a Fhorfheidhmiú i gcás Sárúithe Tromchúiseacha

Aidhm 3: Seirbhísí den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

- Fo-Aidhm 3.1: Acmhainní OSFC a Dhaingniú agus a Bhainistiú go Stuama
- Fo-Aidhm 3.2: Foireann a Chur Chun Cinn
- Fo-Aidhm 3.3: Seirbhísí Custaiméara a Fheabhsú

Déanann an Tuarascáil seo athbhreithniú ar dul chun cinn i 2009 trí thagairt do na aidhmeanna agus fo-aidhmeanna seo.

Aidhm 1: Tuiscint an Phobail ar Ceartanna agus Dualgais Dlí na gCuideachtaí a Fheabhsú

Réamhrá

Déanann foireann OSFC obair suntasach tacaíochta le aidhm eolas agus feasacht stiúirtheoirí cuideachta, oifigigh agus geallsealbhóirí dá gcumhachtaí agus ndualgais faoi dlí na gcuideachtaí a fheabhsú.

Thíolaic 2009 dúshlán suntasach sa réimse seo mar gheall ar an buiséid laghdaithe ar fáil chun ár obair a phoibliú agus ualach oibre suntasach na hOifige agus í ag imscrúdú iompar neamhdhleathach amhrasta san earnáil baincúireachta. D'ainneoin na dúshlán seo, lean an Oifig leis a polasí cumarsáide rathúil agus chuardaigh sí slite nua eolas faoi ceartanna agus dualgais dlí na gcuideachtaí a fheabhsú.

Fo-Aidhm 1.1: Ardú Caighdeáin Ghéilliúntais

Foilseacháin – Forbhreathnú

D'eisigh an Oifig 14 foilseachán dlí na gcuideachtaí faoi leith i 2009 (naoi i 2008), a ndéileáiltear anseo thíos leis na cinn is suntasaí díobh. Tá an liosta iomlán ar fáil in **Aguisín 1.1.1**.

D'eisigh an Oifig thart ar 23,500 cóip dá foilseacháin éagsúla i 2009 (24,000 i 2008). Tá gach ceann de na foilseacháin ar fáil ag suíomh idirlín OSFC ag www.osfc.ie.

Treoir Tapa

I rith deireadh 2008 agus 2009, d'fhorbair an Oifig sraith nua leabhráin treoracha do geallsealbhóirí cuideachta. Léiríonn na leabhráin nua i bhfoirm achoimre príomh-eolas ar ról cuideachtaí, stiúirtheoirí, rúnaí, iniúchóirí, creidiúnaithe, bail/scairsealbhóirí agus leachtaitheoirí, glacadóirí agus scrúdaitheoirí. Comhlánaíonn said ár buan-Leabhair Eolais ¹ ina pléitear na hábhair céanna go mionchruinn.



Na Treoir Tapa OSFC

Agus í ag forbairt na Treoir Tapa, d'oibrigh an Oifig i dlúthcomhar leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta dAoisigh agus aimsíodh go rathúil an marc Gnáth-Bhéarla a d'aithin a inrochtainneacht agus a éascaíocht léimh. Is údar sásaimh do foireann na hOifige é an toradh an-dheimhneach don stíl agus an luach na Treoir Tapa seo agus coinneoidimid tionscnamh chomhchosúla sa todhchaí.

Fógraí Eolais

D'fhoilsigh an Oifig ceithre Fhograí Eolais i rith 2009.

Tuairiscíú Leachtaitheora Laghdaithe

Sa bhreis ar an réimse tuarascála do leachtaitheoirí cuideachtaí dóchmhainnigh ², déanadh leachtaitheoirí sraith bun-, breis-, agus tuairiscí deiridh don OSFC i rith saolré leachtú cuideachta. Tar éis athbhreithmheas a n-airgiúlacht, d'fhoilsigh an Oifig go luath i 2009 Fógra Eolais ina sonraíodh na socrúithe tuarascála a mbeadh i bhfeidhm ó 1 Feabhra 2009 ³.

Ón dáta sin, ní mbeadh ar leachtaitheoirí go ginearálta tuarasc breis nó deireadh a chur chuig an Oifig i gcásanna ina chinn an Oifig go cinntitheach scaoileadh, nó go cinntitheach gan scaoileadh, leachtaitheoirí ón oibleagáid reachtúil imeachtaí a thionscnamh san Ard Chúirt i gcoinne stiúirtheoirí cuideachta. Fusclóidh an cinn seo ualach oibre na leachtaitheoirí agus freisin ligfidh sé don Oifig a áird a thabhairt ar an toirt atá dul i méid bun-tuairiscí leachtaitheoirí ar cuideachta nua-dóchmhainneacha.

¹ Fógra Eolais D/2002/1.

² Faoi Alt 56 d'Acht um Fhorfeidhmíú Dlí na gCuideachtaí 2001 (an Acht 2001).

³ Fógra Eolais I/2009/1 – Tuairiscíú Laghdaithe Leachtaitheora don OSFC.

Cinnte Faoiseamh ar Tuarisciú Leachtaitheoirí

Shonraigh an dara Fógra Eolais ⁴ na cuideachtaí dóchmhainneacha faoi leachtú a scaoil an OSFC na leachtaitheoirí i 2008, ceachtar go buan nó go sealdach, óna n-oibleagáid reachtúil imeachtaí srianadh i gcoinne stiúrthóirí cuideachtaí dóchmhainneacha. Is é aidhm an Fógra bliantúil seo ná fios a chur ar creidiúnaithe agus geallsealbhóirí eile nach bhfuil na stiúrthóirí fós os comhair imeachtaí Ard-Chúirte mar gheall ar iompar mífhreagrach amhrasta. Cumasaíonn é seo gach páirtí leasmhara cinnte gnó eolasach sa todhcaí. I gcásanna gan scaoileadh, foilsímid inár dTuarascálacha Bhliantúla, ar son fáthanna comhcosúla margaidh, torthaí imeachtaí Ard Chúirte a cinneann an raibh srianadh stiúrthóirí aonair tuillte.

Acht na Cuideachtaí (Leasú) 2009

Dhéiligh ár tríú Fógra Eolais ⁵ go mionchruinn le hAcht na Cuideachtaí (Leasú) 2009 a tosaíodh 12 Iúil 2009 le feidhm láithreach. Shín an Acht cumhachtaí imscrúdú an Stiúrthóra i réimsí áirithe san áireamh ag deonú:

- ceart faoi barántas cuardaigh Chúirte Dhúiche (faoi réir coinníollacha cosantí) rud a urghabh nuair a:
 - creidtear go bheith nó atá ann faisnéis faoi cion agus ní infheidhmithe é cinneadh a dhéanamh ar a ábharthacht san áitrimh, nó
 - tá faisnéis ingafa agus neamh-ingafa agus níl a ndeighilt infheidhmithe san áitrimh, agus
- ceart ábhar faoi pribhléid go dlíthiúil a thógáil ar bun go bhfuil sé faoi shéala, faoi réir iarratas ar an Ard Chúirt lastigh de seacht lá le haghaidh cinneadh.

I measc bearta eile, leas an Acht 2009 an dlí maidir le stiúrthóirí a baineann úsáid as sochmhainní cuideachta dá gcríche féin. Laghdaíodh an dualgas cruthúnais ó ‘mainneachtain feasach agus toiliúil’ go dtí ‘diandliteanas’ nuair a tarlaíonn sárú. Shín an Acht freisin na dualgais nochtá bainc ceadúnaithe maidir le idirbheart lena stiúrthóirí nó le daoine ceangailte lena stiúrthóirí siúd.

Tuairisciú Iniúchóirí Cionta Indíotáilte Dlí na gCuideachtaí Amhrasta

Sholáthair an ceathrú Fógra Eolais ⁶ breis treoir do iniúchóirí ar a noibleagáidí cionta indíotáilte amhrasta faoi Achtanna na gCuideachtaí a thuairisciú don OSFC ⁷. Comhlánaíonn é seo ár príomh-threoir reatha ó 2006 ⁸. Forbraíodh an dhá dhoiciméidí i bpáirtíocht lena comhlachais cúntasaíochta aitheanta.

B’ é aidhm an Fógra Eolais ná cabhrú raon cionta tuairiscithe a leathnú, ina raibh chomh mór sin i gceist dhá nó trí chionta d’anneoin go raibh réimse leathan cionta intuariscithe féideartha⁹. Tá liostáilte sa Fógra 13 cionta is féidir iad a bheith braite i rith iniúchadh. San áireamh tá na cionta a leanas a tuairiscaíodh go hannamh:

- trádáil chalaíoch;
 - faisnéis bréagach a sholáthair do iniúchóirí go toiliúil agus
 - scrios, lot nó falsú doiciméidí.

Áiríonn an Fógra Eolais freisin sreabhchairt úsáideach den próiseas cinnteoireachta is cór d’iniúchóirí a lean agus iad ag cinneadh an riachtanach tuairisc a thabhairt isteach, chomh maith le phlé ar tionchair tuairiscí iniúchadh coinníollacha agus dualgais tuairiscí eile. Chuir na comhlachais proifisiúnta fios faoin Fógra ar gach iniúchóir tar éis a fhoilsiú i Meán Fómhair 2009.

Cumarsáide

I 2009, d’fhreagair an Oifig go dearfach iarratas ón Rialtas go laghdú sa mhéid is féidir caiteachas neamhriachtanach. Laghdaigh é seo go dosheachanta an méid oibre fógraíochta agus promóisin a rinne an Oifig i rith na bliana agus cuireadh srian ar a inniúlacht dá príomh-theachtaireacht ghéilliúntais.

⁴ Fógra Eolais I/2009/2 – Liosta Cinntí “Scaoileadh” árna eisiúint i 2008 maidir le Cuideachtaí Dóchmhainneacha faoi leachtú.

⁵ Fógra Eolais I/2009/3 – Acht na Cuideachtaí (Leasú) 2009.

⁶ Fógra Eolais I/2009/4 – Cionta i gcoinne Dhlí na gCuideachtaí a Thuairisciú: Faisnéis d’Iniúchóirí.

⁷ Faoi Alt 194(5) d’Acht na Cuideachta 1990 (an Acht 1990) mar a cuireadh isteach le Alt 74 d’Acht 2001 agus ina dhiaidh sin leasaithe d’Alt 37 d’Acht na Cuideachta (Iniúchóireacht agus Cuntasóireacht) 2003 agus Alt 73 d’Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006.

⁸ Fógra Cinneadh D/2006/2 – Treoir Athcheartaithe ar Dualgais Iniúchóirí Cionta Indíotáilte Amhrasta faoi Achtanna na gCuideachtaí a thuairisciú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

⁹ Tá sceideal lán cionta intuariscí ceangailte ar Fógra D/2006/2 – Tuairisciú Iniúchóra don OSFC agus tá sé le fáil ar suíomh idirlín OSFC ag www.osfc.ie.

Altanna Sindeacáite

In áit fógraíocht meáin, thosaigh an Oifig ag aimsiú módhanna comhroghnaigh agus cost-éifeachtúil a teachtaireacht ghéilliúntais a chur in iúl do geallsealbhóirí cuideachta. I rith 2009, dréachtaíodh agus cuireadh faoi bhráid ar nuachtáin áitiúil ar fud na tíre sraith altanna. Chuimsigh na haltanna ábhair éagsúla a áiríonn roghnú ionchorprú, leabhair chuí chuntas a choinneáil, na srianta ar úsáid stiúrthóirí sócmhainní cuideachta dá gcríche féin, dóchmhainneacht agus rialachas corparáideach.

Go dtí seo, rith an sraith altanna i cúig nuachtáin áitiúil, agus léirigh roinnt eile spéis iad a fhoilsiú sa todhchaí.

Curanna i Láthair, Teagmhais agus Taispeántais

D'ainneoin an céim nuálach altanna sindeacáite, lean an Oifig ag feidhmiú gnéithe cost-éifeachtúil eile dá polasaí cumarsáide. D'áirigh é seo go h-áirithe seachadadh curanna i láthair ag bailithe poiblí agus proifisiúnta ar fud na tíre agus freastal ar comhdhálacha, seimineáir agus teaspántais iomcuí.

Thug foireann na hOifige 67 curanna i láthair do thart ar 3,700 daoine (65 curanna i láthair do 3,100 i 2008). Tá liosta na curanna i láthair seo le fáil in **Aguisín 1.1.2**. Bhí sa príomh-spíocghrúpaí proifisiúnaigh gnó agus na hearnálacha deonacha agus phobail. Tá proifisiúnaigh gnó ríthabachtach chun cabhair le nósanna maith ghéilliúntais a fhorbairt i measc a gcliaint. Is suntasach iad san earnáil deonach agus pobail freisin, mar áiríonn sé roinnt mór cuideachtaí agus stiúrthóirí cuideachtaí sa Stát. Tá taithí gnó, oiliúint nó cúnaimh proifisiúnta teoranta ag a lán stiúrthóirí san earnáil, agus mar sin déanann an Oifig iarrachtaí speisialta eolas agus tacaíocht a thabhairt dó.

D'fhreastal an Oifig ar aon taispeántais déag freisin i 2009, agus tá na sonraí le fáil in **Aguisín 1.1.3**. Ag na teagmhais seo, thug amach an foireann cóipeanna dár réimse leathan foilseacháin agus treoireanna, d'fregar said fiosruithe faoi saincheistean dlí na gcuideachtaí agus dhéileáil said le gearáin sárúithe amhrasta agus ba ábharta é. B'é príomh fáth titm ó 16 teagmhais comhchosúil i 2008 ná laghdú teagmhais mar sin mar gheall ar an cor chun donais eacnamaíoch ginearálta. Áfach, bhí an Oifig roghnóch freisin ina tinreamh ar teagmhais ina raibh luach maith le fáil amháin, nó a chuaigh i ngleic go leordhóthanach lenár spriocmhargaidh.

Meáin

D'eisigh an Oifig preasráiteas foirmiúla amháin i rith 2009 i gcomhthráth le lánseáil a Tuarascáil Bhliantúil do 2008. Agus go measann an Oifig an meáin mar seolphóbán tábhachtach chun aird a dhéiriú ar luach ghéilliúntais dlí na gcuideachtaí, tá srianadh dian dlíthiúil ar nochtadh eolais faoi rún maidir lena hobair imscrúdaitheach sibhialta agus cóiriúil agus forfheidhmiú. Dá réir sin, is coir don Oifig méid mór discréide a úsáid ina beartaíocht leis an meáin, agus is go minic atá uirthi staon ó ráiteas a thabhairt go poiblí ar forbairt imscrúdú nó forfheidhmiú ar eagla go déanfar dochar do aon imscrúdú nó imeachtaí cúirte ina dhiaidh sin.

Tá córais ag an Oifig cun déileáil le fiosruithe meáin agus iad a thairfeadh, agus de gnáth pléann ball foirne sínsear leo go léir. I 2009, phléigh an Oifig le roinnt céad fiosruithe meáin, agus bhain an cuid is mó díobh lenár obair imscrúdú agus forfheidhmiú tá níos mó os comhair an pobail. Trín preas, an idirlín agus raidio/teilifís, luadh an OSFC thart ar 1,560 uair i 2009, méadú gear ar an uimhir coibhéiseach 513 i 2008.

Fiosrúcháin Poiblí

Faigheann an Oifig na céadta glaonna teileafóin, r-phoist agus litreacha gach bliain ón phobal. Tá an tromlach mór díobh pléite de gnáth dár foireann fáiltithe trí eisiúnt cóipeanna bainteach dár bhfoilsiúcháin, atreorú na glaoteoirí chuig ár suíomh idirlín, fiosruithe caighdeánaigh nó gnáthaimh a fhreagairt iad féin nó go hócáideach trí solíeiriú nach laistigh de shainchúram an Oifig na hábhar a bainnean leo.

Tá freagra níos cíortha riachtanach in uimhir níos lú dena fiosruithe. Tríd is tríd i rith 2009, bhí 278 fiosruithe mar seo (i gcomparáid le timpeall ar 400 i 2008). Leagtar amach sampla díobh i **Léiriú 1.1.1** thíos. Cé nách soláithraíonn na hOifige comhairle dlí, déanann sí iarracht eolas bainteach a thabhairt agus glaoteoirí a stiúradh go dtí an foinse eolais is cuí.

Léiriú 1.1.1: Sampla Fiosruithe Poiblí ar dhéileáil an Oifig leo i 2009

Cineál Fiosruithe	Freagar Tugtha
D'fhiafraigh stiúrthóir cuideachta neamh-theoranta faoin cosc ginearálta maidir le baint úsáid stiúrthóirí as sócmhainní cuideachta ar a leas pearsanta agus ar bhain an cosc ar cuideachtaí neamh-theoranta.	Baineann an cosc faoi Alt 31 d'Acht na Cuideachta 1990 (an Acht 1990) le gach cuideachta, cuideachta neamh-theoranta san áireamh.
D'fhiafraigh glaoiteoir ar féideartha é do cuideachta a cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) a thionól ar líne trí bogearraí glao comhdhála in ionad cruinniú go fisiciúil. ¹⁰	Tá an dlí ina thost ar an ábhar, ach deireann Alt 140 d'Acht na Cuideachta 1963 (an Acht 1963) go caithfidh CGB a thionól in áit sa Stát, ach amháin dá aontódh gach comhalta é a thionól in áit eile agus dá cheadódh Airteagail Chomhlachais na Cuideachta é. Tá fasach dleathach Sasanach ann don tairiscint go gcaithfidh gach comhalta bheith idir infheicthe agus inchloiste ag CGB. Dhéileáil é seo le cas ina bhaineadh úsáid as seomra sceite, ach is féidir an prionsabal a chur i bhfeidhm níos ginearálte. De réir sin, níl sé cinnte an bailí CGB tionólta mar sin. Is féidir dá bhrí sin aon cinneadh déanta ag CGB mar sin a chospóid agus iad a chur ar neamhní. De réir sin spreagadh an glaoiteoir comhairle dlí neamhspleách a fháil ar an cheist.
D'fhiafraigh glaoiteoir, a bhí ina chomhalta cuideachta bainistíochta, faoi caithin a chaithfeadh ráiteas airgeadais bheith séanta. Bhí sé dearbhú ag comhalta amháin go maóimh go tharlódh sé ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil.	Cuireadh in iúl don ghlaiteoir gur ceart go cheadódh agus shéanfadh na stiúrthóirí an ráiteas airgeadais roimh é a dháileadh ar comhaltaí roimh an CGB. Leagann amach Alt 156, Acht na Cuideachta 1963 an riachtanas.

Mar a feictear, ní féidir linn gach ceist a fhreagairt go deifnídeach. Spreagaimid glaoiteoirí i gcónaí comhairle dlí neamhspleách a fháil i gcás amhrais.

Fo-Aidhm 1.2: Ár gCaidreamh le Geallsealbhóirí a Dhoimhniú

I gcabhair a téarmaí tagartha reachtúil ghéilliúntais, bíonn an Oifig go rialta ag caidreamh le chéile lena cuid geallsealbhóirí chun a dtacaíocht a fháil dá obair ghéilliúntais agus fhorfheidhmiú. Áiríonn na geallsealbhóirí seo údarás reachtúla, comhlachais proifisiúnta, grúpaí leasmhara, iniúchóirí agus leachtaitheoirí agus an pobal.

Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíocht (RFTF)

Is ríthábhachtach feidhmíocht feidhmeanna an OSFC é ná caidreamh dearfach agus éifeachtach le RFTF a cuireann acmhainní ar fáil don Oifig. Thaispeáin na teagmhais a leanas go háirithe tacaíocht na Roinne do obair na hOifige i 2009:

- soláthair cistiú agus foirne breise don Oifig chun a ceangaltais imscrúdaitheach agus forfheidhmiúcháin atá ag méadú d'ainneoin na himthosca deacair roimh an Roinn féin;
- an tacaíocht pras tugadh do moltaí reachtaíochta OSFC a raibh de thoradh ar achtachán Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009 nua chun díriú ar saincheisteanna sonracha ag éirí as imscrúdú na hOifige Anglo Irish Bank Ltd.

Chas an Stiúrthóir agus a fhoireann sínsear go foirmiúil lena gcomhleachtaí sa Roinn i rith na bliana chun colais faoi forbairt ina obair faoi seach a chomhroinnt.

¹⁰ Nóta: Fuarthas an fiosrúchán seo roimh tosú Na Rialacháin Cearta Scairsealbhóirí (Treoir 2007/36/EC) 2009 (I.R. 316 de 2009) a cheadaigh an saoráid seo do cuideachtaí ag trádáil ar margadh rialaithe.

Grúpa Oibre RFTF ar Ualaigh Riaracháin ar Gnó a Laghdú

Ghlac OSFC páirt san obair seo atá ina chuid de ceangaltas na Rialtais chun ualaigh riaracháin a laghdú de 25% roimh 2012. Is é díriú láithreach an Ghrúpa ná na hualaigh reatha a thomhas agus sainaithe a thabhairt ar na laghduithe atá féideartha. Rinne an Grúpa Oibre trácht ar a dréacht-thuairisc tomhais i dtreo deireadh 2009, agus táthar ag súil le tosú oibre i lár-2010 ar laghduithe féideartha na hualaí a shainaitheint.

Pléghrúpa RFTF um Forfheidhmiú agus Imscrúdaithe Bunaithe ar an Riosca

Glac an Oifig páirt freisin le obair an Pléghrúpa seo i 2009. I measc na limistéir a phléigh na gníomhaireachtaí imscrúdú agus forfheidhmiú chun cabhair le ualaigh riaracháin ar gnó a laghdú tá:

- comhroinnt eolais, na ceistanna gaolmhara faoi cosaint sonraí san áireamh agus
- r-sheirbhísí an rialtais, forbairt féideartha aitheantóra uathúil gnó san áireamh.

Tá súil leis go críochnóidh an Grúpa a thuairisc i 2010.

Grúpa Athbheithnithe Dlí na gCuideachtaí (GADC)

Tá an Stiúrthóir ina chomhalta reachtúil den GADC. D'fhreastal comhaltaí dá fhoireann roinnt cruinnithe i 2009, bliain ina lean an Grúpa ag déanamh dul chun cinn maith ina chlár oibre don tréimhse dhá-bhliain 2008 agus 2009. D'áirigh na hábhair seo síneadh molta díolúine ó iniúchadh do chuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta agus catagóirí áirithe cuideachtaí eile, feidhmiú an Dlí Samhla ar Dóchmhainnais Trasteorann CNADTI (Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Dlí Trádála Idirnáisiúnta) agus trasuí ar dlí Éireannaigh gnéithe áirithe den Treoir AE ar Cothabháil Chaipitil¹¹. Tá súil ag an Grúpa go foilseoidh sé toradh a bhreithniúcháin go luath i 2010, agus beidh a thuairisc le fáil ar www.clr.org.

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cúntasaíochta na hÉireann (UMICE)

Tá an Stiúrthóir ina stiúrthóir UMICE, agus lean sé lena chomhstiúrthóirí téarmaí tagartha an údarás a fhorbairt. Chomhlíon sé freisin i 2009 ar Coiste Luacha Saothair an mbórd agus ar Coiste Fiosrúcháin atá ag déanamh imscrúdú ar cleachtas míchuí líomhanta Cuntasóirí Cairte in Éirinn agus í ag láimhseáil gearáin i gcoinne baill-gnólacht roinnt am ó shin. Beidh cóip tuarascáil bhliantúil UMICE le fáil ar a shuíomh idirlín ag www.iaasa.ie i lár-2010.

Dá bhreis, chuaigh OSFC agus UMICE i gcomhairle le chéile go rialta i 2009 ag leibhéal oibríochta chun ábhair leasa choitinn a phlé. San áireamh bhí cruinniú foirmiúil agus malartú faisnéise faoi rún ar ócáid éagsúla ar ábhair mar iniúchóirí neamhcháilithe amhrasta agus cleachtas easnamhach iniúchta agus cúntasaíochta.

Oifig um Clárú Cuideachtaí (OCC)

Tríd is tríd, leanann caidreamh oibre OCC/OSFC bheith ar fheabhas. I rith na bliana, thug an OCC faisnéis luachmhar don OSFC i dtaca lena himscrúdaithe. Freisin, thacaigh foireann OCC imeachtaí fhorfheidhmiú freisin trí mionnscribhíní a mhionnú agus doiciméid a dheimhniú ar cuspóirí fianaisí mar a bhí riachtanach.

Tar éis plé idir OSFC agus OCC a bhain le iniúchóirí neamhcháilithe, thug an OCC isteach i 2009 imeacht seiceála níos dian ar cúntais iniúchta chun bheith cinnte go bhfuil an iniúchóir ainmnithe ar Clár na nIniúchóirí OCC. Chomhlánaigh é seo iarrachtaí athchomhairleacha an OSFC féin chun feineméan daoine neamhcháilithe ag iniúchadh cúntais cuideachtaí a dhíbirt.

Biúró an Ghárda um Imscrúdú Calaoise (BGIC)

I 2009, chuaigh foireann OSFC i gcomhairle go rialta lena gcontrapháirtí san Biúró an Ghárda um Imscrúdú Calaoise (BGIC) agus sa fórsa níos leithne ar ábhair leasa choitinn. Go sonraithe, sholáthair foireann BGIC saineolas gairmiúil luachmhar maidir le imscrúdú tábhachtach ar teagmhais áirithe in Anglo Irish Bank Corporation Ltd.

Leag amach foireann OSFC a hobair freisin do thoscaireacht cuairte ón Biúró Coireachta Eacnamaíochta na Sualainn i rith na bliana. D'éascaigh an BGIC an cuairt seo.

Rialtóir Airgeadais (RA)

I 2009, bhí an uimhir is áirde fós teagmháil idir an OSFC leis an RA, ó bunú na hOifige. B'é an fáth subtaintiúil ná ár imscrúdaithe teagmhais áirithe in Anglo Irish Bank Corporation Ltd. ("Anglo") a bharántaigh eolas faoi rún a roinnt le chéile. Áfach, bhí ábhair eile i gceist sa mhalartuithe idir an OSFC agus an RA.

Coimisinéirí Ioncaim

Lean foireann Ioncaim go dlúth leis an Oifig i 2009. Roinneadh eolas ar thart ar 91 cuideachtaí agus iarchuideachtaí (80 i 2008), agus bhain an chuid is mó díobh le scrúduithe na hOifige ar teip cuideachtaí dóchmhainní.

11 Treoir 2006/68/EC.

An tOmbudsman do Phinsin

I rith na bliana, shéan an Stiúrthóir meabhrán tuisceana ar eolais-roinnt leis an tOmbudsman Pinsean, a súil leis go cabhróidh sé leis an dhá údarás agus iad ag déileáil le cásanna mí-iompar amhrasta de cuideachtaí agus stiúrthóirí cuideachtaí agus maidir le ranníocaí pinsean fostaithe.

Comhlachais Cúntasaíochta

I 2009, bhuaill an Stiúrthóir agus a fhoireann dhá uair le príomhfheidhmeannaigh agus foireann na príomh-chomhlachais cúntasaíochta chun ábhair leasa choitinn a phlé. D'áirigh na díospóireachtaí Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009, gníomhaíochtaí ghéilliúntais agus fhorfheidhmiú na hOifige agus ábhair cúntasaíochta agus iníochta bainteach.

Bhuaill le chéile Grúpa Idirchaidreamh Teicniciúil freisin ar ócáid éagsúla i rith na bliana, agus críochnaíodh go rathúil obair ar Fógra Eolais I/2009/4 (pléite thuas). Ag deireadh na bliana, tosaíodh réamhphléití ar forbairt féideartha doiciméid a shainmhíníodh ionchas idir na hOifige agus iniúcháirí ar a gcaidrimh maidir le sárúithe amhrasta tuairiscithe dlí na gcuideachtaí.

International Association of Insolvency Regulators (IAIR)

Is ball OSFC de IAIR, agus d'fhreastail ball foirne sinsear ar Comhdháil Bhliantíúil an IAIR san Aifric Theas i mí Deireadh Fómhair 2009. San áireamh ina pléadh bhí:

- tionchar géarchéime airgeadais domhanda. Thuairiscigh gach ball IAIR méadú gníomhaíochta dóchmhainneachta cé gur dealraithreach go raibh fás Éireannach ar an cheann foircneach taithí in áit eile;
- éifeacht an Dlí Samhla CNADTI. Tuairiscíodh go raibh sé réasúnta éifeachta ag déileáil le dóchmhainneachta mór ilnáisiúnta faoi láthair;
- calaois i ndóchmhainneachta maidir le iompar cleachtóirí dóchmhainneachta (táillí iomarcach, srl.) agus creidiúnithe (éilimh áibhéalta, srl.) ar leith. D'aontaigh an cruinne go ginearálta go barántaíodh scrúdú breise sa réimse seo;
- rialáil an ghairme dóchmhainneachta. Cé go tacaíodh córais feabhaisithe clárú agus rialiú, bhí sé soiléir go mba ceart é aird a thabhairt ar aon iarmhairt codarsnacha agus na córais sin á fhorbairt.

Deimhníodh go thionólfá i mBaile Átha Cliath Comhdháil Bhliantíúil an IAIR 2010.

Cuairt Oifige an tOmbudsman Feidhmeachta na Fionlainne

D'éascaigh an Oifig cuairt Oifige an tOmbudsman Feidhmeachta na Fionlainne ar Átha Cliath go déanach i Márta 2009. Thug foireann na hOifige agus an Seirbhíse Cúirte agus leachtaitheoir suntasach faisnéisiú faoi dóchmhainneas corparáideach agus feidhmeachta pearsanta in Éirinn agus ar forbairt in idir an dhá réimse le déanaí.

Treoirínte Tarrthála agus Athstruchtúró Corparáideach CGFE

Mar gheall ar na imthosca eacnamaíochta deacair, chin an CGFE tacar treoirínte a ullmhú dá gcomhaltaí ar tarrthála agus athstruchtúró gnóthaí. Ag cuireadh CGFE, sholáthair OSFC ábhar faoina ról rialála le déileáil le cuideachta dóchmhainneacha. Foilseoidh na Treoirínte CGFE sa chéad leath de 2010.

Treoirínte Nua Rialachais Corparáideach

D'aontaigh an Oifig i 2009 páirt a ghlacadh i tioncsnamh rialachais corparáideach ar cuireadh ón tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (UCNE) agus Institiúid na Stiúrthóirí. Bhí comhlachais proifisiúnta agus daoine eile óna earnaíl príobháideach agus poiblí bainteach leis freisin. Chruinnigh an ghrúpa ar ócáid éagsúla go déanach i 2009 agus d'aontaigh said módheolaíocht trína féidir le cuideachtaí a gcaighdeán rialachais corparáideach a mheasúnú. Sainaithin an obair freisin na cáilíochtaí oiriúnach do measúnóirí féideartha. Thar dóchasach go mbeidh sna Treoirínte aontaithe ina gcatalóch chun feabhsú caighdeán corparáideach sa todhchaí chomh maith le Éireann a chruthú mar nuálaí agus uirlisí caighdeán corparáideach á fhorbairt. Foilsíodh an doiciméid deireanach go luath i 2010¹².

Obair ar Freagracht Corparáideach Sosialta CGFE – EIC

I 2009, lean an OSFC ag cur le breithniúcháin 'Choiste Scátháin' CGFE-treoirithe atá ag tabhairt a mheas do dréacht-Caighdeán Idirnáisiúnta ar Freagracht Corparáideach Sosialta atá faoi dréachtú ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (EIC). Tá an Caighdeán sceidealaithe le críochnú i 2010¹³.

12 Is féidir na Treoirínte a cheannach ar líne ón CGFE ar www.ncai.ie.

13 Tá tuilleadh eolas ar an dréacht-Caighdeán le fáil ag <http://isotc.iso.org/livelink/livelink/fetch/2000/2122/830949/3934883/3935096/home.html?nodeid=4451259&vernum=0/>.

Breithmheas GRECO Chomhairle na hEorpa

Bhunaigh Comhairle na hEorpa an Grúpa Stát In Aghaidh an Éillithe (GRECO) i 1999 chun monatóireacht a dhéanamh ar géilliúntas Stát lena chaighdeáin frith-éillithe. Lainseáil GRECO a Thriú Babhta Bhreithmheas i 2007.

Ar iarratas ón Roinn Dlí agus Cirt Combhionannais agus Athchóirithe Dlí go luath i 2009, sholáthair an OSFC eolas mar fhreagra ar ceistneoir GRECO ar mian leis fáil amach géilliúntas na hÉirinn lena hoibleagáidí breabaireachta intíre agus idirnáisiúnta. D'fhreastail an Oifig freisin ar cruinnithe le Foireann Breithmheasa GRECO i mBaile Átha Cliath ar 8/9 Meitheamh 2009. Bhí tuairisc GRECO ina dhiaidh sin go forleathan dearfach¹⁴. Beartaíonn GRECO feidhmiú a moltaí a mheasúnú sa dara leath de 2011.

Fo-Aidhm 1.3: Dul i gCion ar Forbairt Polasaí

Tugann an Oifig fáilte ar deis dul i ngleic le iadsan ag forbairt an dlí, rialacháin agus polasaí a féidir leo bheith iarmhairt acu ar dlí na gcuideachtaí nó ar obair na hOifige. Chuir an Oifig le ar ócáid éagsúla oiriúnach i 2009.

Acht na Cuideachtaí (Leasú) 2009

Rinne an Oifig molta reachtúla éagsúla ar RFTF go luath i 2009 a bhí de thoradh orthu achtú an t-Acht seo. Tá an Stiúrthóir buíoch as an breithniú pras agus tuisceanach a thug an Rialtas agus an Roinn do na moltaí seo. Tá roinnt forálacha na hAcht leagtha amach thuas.

Acht na Cuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009

Sar i bhfad roimh deireadh na bliana, achtaíodh Acht na Cuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Chuaigh an Oifig i ngleic leis an Roinn roimh ré faoi gnéithe áirithe an Bille, go sonrach iad maidir le aithint ar Prionsabal Cúntasóireachta Glactha go Ginearálta na SA “US Generally Accepted Accounting Principles” agus ráiteas airgeadais cuideachtaí nua-chorpraithe ag dul ar imirce go hÉireann suas go dtí 31 Nollaig 2015 á ullmhú. Tá sé beartaithe ag an OSFC Fógra Eolais ar an Acht seo a fhoilsiú go luath i 2010.

Bille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí

Ar iarratas ar cuireadh ón RFTF, sholáthair an OSFC barúlacha forleathan i rith 2009 ar dréacht Cuid 14 den Bhille (Géilliúntas agus Forfeidhmíú) agus dréacht Caibidil 4 (Stiúrthóir um Fhorfeidhmíú Corparáideach) de Cuid 15 (Daoine le Feidhmeanna Rialála Cuideachta). Tá sé intuigthe go foilseofar an Bille roimh deireadh-2010.

Páipéar Comhairliúcháin ar Dearbhú Cáilíochta Eachtrach d’Iniúcháirí RFTF

Tar éis Moladh an Coimisiúin an AE ar dearbhú cáilíochta eachtrach d’iniúcháirí ag iniúchadh aonáin leasa poiblí¹⁵, d’fhoilsigh RFTF Páipéar Comhairliúcháin¹⁶ a thug cuireadh do freagróirí na trí rogha malartaigh um feidhmiú réimseas dearbhú cáilíochta mar sin in Eirinn:

- freagracht rialála ag fanacht lena comhlachais cúntasóichta aithinte;
- freagracht rialála ag traschur go UMICE agus
- freagracht rialála ag fanacht lena comhlachais cúntasóichta aithinte faoi réir maoirseacht UMICE.

Ina freagra léirigh an Oifig a rogha soiléir don dara rogha (UMICE) ar bonn go léiríonn é seo dea-chleachtas idirnáisiúnta mar a fheictear i dlínsí cosúil leis an Ríocht Aontaithe, na SA agus an tSeapáin. Is féidir, a tugadh le tuiscint, é a baint amach ar bonn costas-neodrach. Agus ag aithint go raibh sé deacair do UMICE foireann den mianach oiriúnach a earcach roimhe seo, tugann coinníollacha mhargaidh reatha le fios go mbeadh na deacrachtaí céanna níos lú amach anseo.

Mhol an Oifig freisin go ceart é cur san áireamh sa théarma ‘aonáin leasa poiblí’ chuile cuideachta le láimhdeachas níos mó ná €50 milliún agus clár comhardaithe thart ar €25 milliún.

Ochtú Treoir Dlí na gCuideachtaí Athbhreithnithe

Nuair a trasfuar an Treoir athbhreithnithe seo, bunófaidh sé structúr cuimsitheach le haghaidh oiliúint, cáilíocht, clárú agus maoirseacht iniúcháirí thar an AE. Sonrófaidh sé freisin caighdeáin eiticíúil oiriúnach agus riachtanais neamhspleáchas d’iniúcháirí agus éileoidh sé go mbeidh coiste iniúchadh ag aonáin leasa poiblí.

Cé go mbaineann an Treoir ach go himeallach ar shainchúram an OSFC, thairg an Oifig barúlacha chuiditheach do RFTF faoi an dréacht I.R. cur chun feidhme i rith 2009. Tá sé ar intinn na Roinne an Treoir seo a fheidhmiú go luath i 2010.

¹⁴ ‘Evaluation Report on Ireland - Incriminations (ETS 173 and 191, GPC 2) (Theme 1) (January 2010)’. Tá breis-sonraí den Tuairisc seo le fáil ar leathanach baile GRECO ag www.coe.int/greco.

¹⁵ EU Commission Recommendation 2008/362/EC – Moladh an Coimisiúin AE 2008/362/EC.

¹⁶ Is féidir cóip den Pháipéar Comhairliúcháin a fheiceáil ag www.deti.ie.

Páipéar Comhairliúcháin ar Achtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2005

Mar freagar ar Páipéar Comhairliúcháin RFTF ar an reachtaíocht seo (na hAchtanna CTS), d'admhaigh an Oifig an cion, luach agus ról a déanann comhgnóthais i sochaí Éireannach. Thug an OSFC dár aire go bhfuil a lán gníomhaíochtaí den cineál comhgnóthais comhlíonta ar bealach chomh maith de cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta nó cuideachtaí i bhfoirm eile. De réir sin mhol an Oifig go bhfuil gá fiúntais an structúr chomhgnóthais a idirdhealú ó áirgiúlacht sonracha de na hAchtanna CTS.

Agus ag nótaíl go raibh a lán cosúlachtaí idir na hAchtanna CTS agus Achtanna na Cuideachtaí, mhol an Oifig go ceart breithniú a dhéanamh ar gá sa todhchaí bheith ann cód dlí CTS agus go féidir go leanfaidh comhgnóthais mar foirm cuideachta faoin Bille Comhdhlúite na Cuideachtaí atá beartaithe. D'áireódh buntáistí an dara chur chuige creat dlíthiúil nua-aimseartha, sofaisticiúil agus nuashonraithe go rialta do comhgnóthais sa todhchaí.

An Bille um Ciontuíthe Imithe as Feidhm

D'fhreagar an Oifig ar iarratas RFTF ar tuairimí ar gnéithe áirithe an Bille¹⁷ seo a beartaítear 'tosú as an nua' a thabhairt do ciontóirí áirithe trí a gciontuíthe a bhain den taifead poiblí. Cé go tuigtear bonn an Bille, chuir an OSFC in iúl imní faoin laghdú beartaithe tréimhse athinniúil cúig bliain do pianbhreitheanna neamhchoinneála. Mar shampla, dá dhícháileofaí duine ar tréimhse cúig bliain, dhéanfadh díothú a taifead coiriúil chiontú roimh críoch a thréimhse dhícháiliú cás aimhrialta.

I measc tuairimí OSFC áiríodh an deacracht gach taifead cionta a scriosadh nuair a cláraíodh an t-eolas i dTuarascáil Bhliantúil, srl. Moladh gur ceart aird a thabhairt ar na deacrachtaí seo sa Bhille.

Páipéar Comhairliúcháin CAD ar Barántais Cuardaigh agus Barántais Binse

Déanach i 2009, d'fhoilsigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (CAD) páipéar comhairliúcháin fada ar an dlí agus imeacht mar a baineann sé le barántais cuardaigh agus barántais binse¹⁸. Roimh a eisiúint, chuaigh an Oifig i ngleic leis an CAD ar a hiarratas chun forbheathnú a thabhairt ar obráid barántais cuardaigh faoi Achtanna na gCuideachtaí agus taithí phraticíúil an OSFC sna hábhair seo.

Tógra Coiste um Chuntais Phoiblí an t-Oireachtas maidir le Cáin Muiníneach

Ag freagairt ar tógra ón Coiste um Chuntais Phoiblí (CCP) go ghearrfaí ar stiúrthóirí cuideachta go pearsanta an dliteanas cáin muiníneach gan íoc (m.s. ÍMAT, ÁSRC, CBL agus CCI) in imthosca áirithe, thaispeáin an OSFC na bearta ann cheana chun déileáil le dóchmhainneacht agus iompar míchuí corparáideach (go sonracha srianadh agus dícháiliú) agus rath coibhneasta an OSFC insna réimse sin le blianta deireanach. Cuireadh chun suntais freisin na cumhachta suntasach atá le fáil ag na Coinisinéirí Ioncaim sa réimse seo.

Ag cur in iúl aireachais faoin tógra, moladh go raibh gá bheith cinnte go bhfuil an dlí atá ann neamhdhóthanach agus go bhfuil athrú ag teastáil uaidh. Is féidir le forchur dliteanas pearsanta a bheith de thoradh ar stiúrthóirí ag cur faoi leachtú cuideachtaí a d'fhéadfadh a bheith inmharthana, chun dliteanas a sheachaint. Is féidir go mhéideoidh leachtuithe aon treocht mar seo agus go mbeadh leachtaitheoirí, an OSFC agus na Cúirteanna báite in obair agus iad i mbun a gcuid dualgais.

Ag leanúint éisteacht CCP ag deireadh 2009 ina ghlac OSFC páirt, d'fhoilsigh an Coiste a thuarisc i Feabhra 2010¹⁹ agus moladh go d'athrófaí dlí na gcuideachtaí chun dliteanas pearsanta ar ÁSRC gan íoc a chur ar stiúrthóirí a dhéanann iarracht seachaint íoc as cáin muiníneach agus nach théann said i ngleic leis na Coimisinéirí Ioncaim, in imthosca áirithe.

Conclúid

Tá obair na hOifige ar son a téarma tagartha ghéilliúntais faoi réimse leathan agus uileghabhálach mar a feictear sa Thuarascáil seo. Creideann an Stiúrthóir go bhfuil sé luachmhar i gcomhthéacs ghéilliúntais go cuireann an Oifig le forbairt polasaí, go dtéann sí i ngleic lena geallsealbhoirí agus go gcuireann sí eolas i bhfios don phobal go gníomhach.

De tábhacht cothrom atá straitéis soiléir agus comhseasmhach chun déileáil le iompar míchuí corparáideach amhrasta. Téann an chuid a leanas den Tuarascáil i gceann leis an gné seo oibre na hOifige a féidir leis bheith tairbhí tábhachta taispeántacha agus iompar de réir ceanglais a spreagadh.

17 Tá cóip den Bhille le fáil ag www.oireachtas.ie/documents/bills28/bills/2007/4807/b4807d.pdf.

18 Tá LRC CP 58 – 2009 le fáil ag www.lawreform.ie/publications/cpSearchWarrantsandBenchWarrants.pdf.

19 www.oireachtas.ie/documents/committees30thdail/pac/reports/20100217.pdf.

Aidhm 2: Aghaidh a thabhairt ar Iompar Mídhleathach maidir le Dlí na gCuideachtaí

Réamhrá

Go feadh méid áirithe léiríonn líon na leachtuithe dócmhainneacha sa Stát sláinte airgeadais fiontar eacnamúil agus sóisialta. Is táscaire foriomlán maidir le feidhmíocht fiontar dá réir, líon na dtuarascálacha leachtaitheora a fhaigheann an ODCE ar bhonn bliantúil i ndáil le cuideachtaí dócmhainneacha ar cuireadh faoi leachtú iad sna sé mhí a chuaigh roimhe.

Ar an dóigh chéanna tugann líon na ngearán poiblí agus na dtuarascálacha iniúchóra a bhaineann le sárúithe líomhanta ar dhlí na gcuideachtaí a sheoltar go dtí an Oifig gach bliain léargas ar an gcaighdeán rialacháin chorparáidigh sa Stát.

Fordhearcadh Staitistiúil ar na Tuarascálacha agus ar na Gearáin a Fuarthas

I 2009 osclaíodh 1,519 gcás nua a d'eascair as tuarascálacha agus as gearáin, ardú de 47% ar na 1,036 chás i 2008. Bhain an chuid is mó den mhéadú le dúbláil ar líon na dtuarascálacha leachtaitheora tosaigh ar chuideachtaí a leachtaíodh le gairid agus is léiriú an méadú ar an meath ar an ngeilleagar náisiúnta. Bhí ardú de 13.5% ó 207 i 2008 go 235 i 2009 ar líon na dtuarascálacha iniúchóra freisin. In **Aguisín 2.1** tá tuilleadh sonraí faoi na figiúirí seo.

In **Aguisín 2.2** cuirtear sonraí láimhdeachas cáis ar fáil. Láimhseáil an Oifig thart ar 2,284 chás i 2009, ardú de 17% i gcomórtas le 2008. Bhí ardú de 22% ó 1,184 i 2008 go 1,446 i 2009 ar líon na gcásanna a cuireadh i gcrích agus bhí ardú ó 765 ag deireadh na bliana 2008 go 838 ag deireadh na bliana 2009 ar líon na gcásanna idir lámha. Is é an toisc shubstantiúil is bonn leis na méaduithe sin an cionroinnt is inchurtha i leith an fháis ar líon na dtuarascálacha leachtaitheora.

In **Aguisín 2.3** cuirtear faisnéis ar fáil maidir le modh diúscartaigh na 1,446 chás a cuireadh i gcrích:

- cinnú deifnídeacha faoisimh ar thuarascálacha leachtaitheora ba chúis leis gur cuireadh thart ar a leath (715) díobh siúd i gcrích;
- Ba é ba thoradh ar nach mór an ceathrú cuid díobh (351) go ndearnadh coigeartú ar mhainneachtain i leith dhlí na gcuideachtaí agus/nó gur eisíodh foláirimh maidir le hiompar amach anseo i gcásanna inar braithheadh mainneachtain;
- ní raibh call le haon ghníomhaíocht dheifínídeach i 15% de chásanna (222) ó tharla go raibh an fhianaise maidir le mainneachtain neamhdhóthanach;

- dúnadh 10% (147) de na cásanna siocair nárbh ábhar do dhlí na gcuideachtaí iad nó siocair gurbh ábhar do dhlí na gcuideachtaí a oirfeadh do chaingean cúirte a thionscnódh páirtithe leasmhara eile (m.sh. scairshealbhóirí cuideachta nó creidiúnaithe nó Cláraitheoir na gCuideachtaí) iad;
- dúnadh níos lú ná 1% (11) de chásanna i 2009 i ndiaidh don OSFC imeachtaí coiriúla nó sibhialta a chur i gcrích.

Dáileachán Tuarascálacha agus Gearáin Nua de réir Earnála i 2009

Mar a léirítear in **Aguisín 2.4** ba ó na hearnálacha a bhaineann le tógáil tithe, le heastát réadach, le ligean ar cíos, le mórdhíol, le miondhíol agus le monarú nach mór a dhá thrian de na 1,500 tuarascáil agus gearán nua a tháinig chuig OSFC i 2009.

Is trí thagairt a dhéanamh do na 876 thuarascáil tosaigh a fuarthas ó leachtaitheoirí i 2009 a dhéantar an briseadh síos de réir earnáil eacnamúil ar chuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú a chuirtear ar fáil in **Aguisín 2.5**. Ní haon iontas gur in earnáil na tógála a tharla gar dá thrian de na leachtuithe dócmhainneacha uile a tuairiscíodh. Ach bhain 45% eile de na leachtuithe dócmhainneacha uile a tuairiscíodh i 2009 le gnóthaí i dtrí earnáil eile (mórdhíol agus miondhíol, óstáin, beár is lónadóireacht agus monaraíocht). Is léir gurb ar na trí earnáil sin is mó atá na cúinsí deacra gheilleagair atá anois ann imithe i gcion.

Ach ar an dtaobh eile níl ach roinnt bheag chuideachtaí eastáit réadaigh agus cuideachtaí dar gnó tithe a ligean ar chíos ag dul faoi leachtú, cé go mbaineann tromlach na saincheisteanna eile a thuairiscítear don Oifig (ar a n-áirítear iadsan a thuairiscíonn iniúchóirí agus an pobal i gcoitinne) leosan mar earnáil, mar a léirítear in **Aguisín 2.6**.

Leachtuithe Sócmhainneacha agus Dócmhainneacha

Ciallaíonn an cor chun donais eacnamúil go bhfuil tionscadail ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin mhóra le dhá bhliain anuas. Cé go raibh go leor cuideachtaí in ann a gceart a bhaint de na dúshláin sin bhí méadú suntasach ar líon na gcuideachta ar chlis orthu. Ba í an iarmhairt ba shuntasá an ardú de 361% ar líon na leachtuithe dócmhainneacha ó 344 i 2007 go 1,243 i 2009. Léirítear sa tábla a leanas líon na leachtuithe sócmhainneacha (leachtú comhaltai) agus dócmhainneacha (leachtú creidiúnaithe agus Cúirte) a fógraíodh do OCC le bhlianta beaga anuas.

Leachtuithe	2005	2006	2007	2008	2009
Leachtuithe Creidiúnaithe	300	323	308	530	1,124
Leachtuithe Cúirte	49	31	36	83	121
Iomlán na gCuideachtaí Dócmhainneacha	349	354	344	613	1,243
Leachtuithe Comhaltaí	868	930	1,057	1,051	1,158
Na Leachtuithe uile	1,217	1,284	1,401	1,664	2,403

Cuideachtaí Dócmhainneacha Neamhleachtaithe/Díscaoilte

Is ionann agus fianaise shubstantiúil ar iarmhairtí an choir chun donais eacnamúil na 1,243 chuideachta dhócmhainneacha a chuaigh faoi leachtú i 2009 atá sonraithe sa tábla thuas. Ina theannta sin d'fhéadfadh roinnt céad nó roinnt míle cuideachta dhócmhainneach neamhshonraithe atá éirithe as bheith ag trádáil ach nach bhfuil curtha faoi leachtú bheith ar Chlár na gCuideachtaí ag am ar bith. Bainfear go leor díobh sin den Chlár in am agus i dtráth.

Cé nach bhfuil figiúirí cinntitheacha ann a thabharfadh léargas ar mhéid iomlán na gcuideachtaí dócmhainneacha (idir chuideachtaí leachtaithe agus chuideachtaí neamhleachtaithe) tá fáil ar fhiúirí bliantúla OCC a léiríonn líon na gcuideachta sócmhainneacha agus

dócmhainneacha díscaoilte. Chun ciall a bhaint as na figiúirí don tréimhse 2005 go 2009 sa tábla a leanas maidir le cuideachtaí atá bainte den chlár/díscaoilte ní mór machnamh a dhéanamh air:

- go mbeidh mall-aga ama idir an timthriall eacnamúil agus na figiúirí a bhaineann le cuideachtaí atá bainte den chlár, go háirithe más cuideachtaí dócmhainneacha iad. B'fhéidir go rachaidh dhá bhliain nó mar sin thart sula mbainfear cuideachta dhócmhainneach dhíomhaoin (arna fhianú le mainneachtain tuairisceán bliantúil a chlárú leis an OCC) de Chlár na gCuideachtaí;
- go mbeidh líon na gcuideachta a mbainfear de Chlár na gCuideachtaí faoi thionchar gníomhaíochtaí OCC, na gCoimisinéirí Ioncaim agus stiúirthóirí cuideachta an rogha a dhéanamh cuideachta a bhaint den Chlár.

Cineál na Cuideachta Díscaoilte	2005	2006	2007	2008	2009
'Bainte den Chlár ag OCC' ²⁰	9,514	5,255	4,085	5,804	5,729
'Bainte den Chlár ag na Coimisinéirí Ioncaim' ²¹	794	444	149	223	142
'Bainte den Chlár go Deonach' ²⁰	3,316	3,757	3,975	4,542	5,428
Iomlán	13,624	9,456	8,209	10,569	11,299

Is dóigh gur míniú na tosca sin ar an bhfáth nach bhfuil na méaduithe suntasacha céanna ar leachtuithe cuideachtaí dócmhainneacha fós léirithe i bhfigiúirí an tábla seo do na blianta deireanacha.

Fo-aidhm 2.1: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Mhí-iompar a Shainiú

Maidir le hobair na hOifige i 2009 ba é ba mhó a bhíodhas gafa leis an méadú ar líon na gcuideachtaí dócmhainneacha agus aon imscrúdú mór amháin, is é sin an ceann a bhain le Anglo Irish Bank Corporation Ltd. ("Anglo").

Imscrúdú Anglo

Seo é an t-imscrúdú is mó agus is casta a rinneadh OSFC riamh ón lá a bunaíodh í i ndeireadh na bliana 2001. Tá OSFC agus Biúro an Gharda um Imscrúdú Calaoise (BGIC) ag obair go dlúth lena chéile chun cúrsaí éagsúla a imscrúdú ar a n-áirítear:

- soláthar cúnaimh airgeadais ag Anglo i 2008 chun cuid dá scaireanna a cheannach;
- cúrsaí a bhaineann le hiasachtaí a thug Anglo dá stiúirthóirí i gcaitheamh roinnt bliana agus
- cúrsaí a bhaineann le leibhéal dearbhaithe earlaisí custaiméara in Anglo i 2008.

Tá páirteachas OSFC teoranta do na gnéithe sin den imscrúdú a thagann faoina sainchúram de réir dhlí na gcuideachtaí.

Fáil ar Dhoiciméid Ábhartha

Go luath in Eanáir 2009 chuir OSFC éileamh foirmeálta chuig Anglo ag iarraidh go dtabharfaí ar aird leabhair agus doiciméid áirithe faoi Alt 19 d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú). Seoladh doiciméid ábhartha chuig an Oifig i rith na seachtainí ina dhiaidh sin.

²⁰ Alt 311 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú) agus alt 12 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

²¹ Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Go deireanach i mí na Feabhra fuair triúr oifigeach Garda a bhí ar iasacht chuig OSFC barántais cuardaigh ó Chúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath faoi Alt 20 d'Acht na bliana 1990 (arna leasú) i ndáil le trí áitreabh gnó de chuid Anglo. Le linn dóibh na cuardaigh sin a dhéanamh fuair an Garda agus oifigigh eile OSFC cúnamh ó GBFI. Fuarthas trí bharántas cuardaigh eile agus roinnt orduithe breise agus cuireadh i bhfeidhm iad níos deireanaí i 2009. Níor bhain an Oifig úsáid as an gcumhacht nua urghabhála leathnaithe²² ach ar ócáid amháin i rith na bliana agus b'shin tráth a bhíothas ag feidhmiú ceann de na barántas cuardaigh seo.

I rith na bliana d'fhoinsigh OSFC doiciméadú agus faisnéis ón Rialtóir Airgeadais, ó Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus ó pháirtithe éagsúla eile. Bailítear ábhar breise de réir mar is gá.

Tríd is tríd fuair OSFC seilbh ar roinnt milliún doiciméad cóipe crua agus doiciméad digiteach i 2009 agus ba dhúshlán mór an t-ábhar sin a chaomhnú, a mheas agus a bhainistiú. Fuarthas uirlisí TE feabhsaithe de réir riachtanais. Ba mhór an tacaíocht a fuarthas ón Aonad Coiriúla Ríomhaire i BGIC agus ó shaineolaithe TE OSFC féin chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin.

Tá roinnt gnéithe den phróiseas seo a bhaineann le doiciméid ábhartha a fháil á maoirsiú ag an Ard-Chúirt. An uair deireanach a tháinig OSFC os comhair na Cúirte i mí na Nollag 2009 thagair OSFC don fhíríc go rabhtas fós ag déanamh measúnacht ar roinnt milliún doiciméad leictreonacha ó Anglo. Thoiligh an Chúirt leis gur choinnigh an Oifig roinnt meán ríomhaireachta ar feadh tréimhse bhreise sé mhí faoi Alt 20(2G)(a) d'Acht na bliana 1990²³ d'fhonn cinneadh maidir le cé acu 'faisnéis ábartha' 'material information', de réir bhrí Alt 20 a bhí san ábhar a ndearnadh urghabháil air nó nach ea a éascú. D'admhaigh an chúirt gur tasc uafásach deacair, 'daunting task' a bhí sa mheasúnacht seo.

De dhroim an fhórais go raibh roinnt den doiciméadú a urghabhadh ó Anglo faoi réir éilimh maidir le pribhléid ghairmiúil dlí (LPP), bhí ar an OSFC aitheasc a thabhairt don Ard-Chúirt maidir leis an gceist seo i Márta agus i Meán Fómhair 2009²⁴. A bhuíochas ghéilleadh na Cúirte, rinne OSFC agus Anglo socruithe Measúnóir Neamhspleách a cheapadh chun breithniú a dhéanamh ar mhéid scoite de dhóiciméid LPP nár thoiligh OSFC lena mbeith faoi pribhléid. Chuir an Ard-Chúirt in iúl nár ghá do na páirtithe dul ar ais chuici má bhí siad sásta le tuarascáil an Mheasúnóra. Bhíothas fós ag fanacht ar dheimhniú chinntí an Mheasúnóra ag deireadh na bliana.

Agallaimh

Thosaigh oifigigh OSFC ag cur agallamh ar fhoireann Anglo agus ar dhaoine ábhartha eile i 2009 agus leanadar leo amhlaidh go dtí deireadh na bliana.

Acmhainní Foirne

Sannadh acmhainní suntasacha foirne i rith na bliana chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán a bhain le himscrúduithe Anglo. Ar an gcéad ásc bhí roinnt atheagrúchán ar chlár oibre na hOifige féin ag gabháil leis sin. Go luath i 2009 sannadh roinnt ball d'fhoireann na Roinne do OSFC ar bhonn sealadach chun cabhrú léi an doiciméadú a urghabhadh ó Anglo a riar. Níos deireanaí fós chuir an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ceathrar bhall foirne riaracháin breise ar fáil chun cúnamh taca a sholáthar maidir le hobair Anglo.

Ar feadh roinnt mhaith de 2009 bhí 16 bhall foirne lánaimseartha choibhéiseacha (is é sin a thrian den phearsanra a raibh fáil orthu) curtha chun fónaimh ar bhonn buan sna himscrúduithe Anglo laistigh den OSFC. Ar an bhfoireann sin bhí Gardaí agus baill foirne le saineolas ar chuntasaíocht, ar chúrsaí riaracháin, ar TE agus ar an dlí. Ina theannta sin chuir Coimisinéir na nGardaí cúigear Garda breise ar fáil chun cúnamh taca a sholáthar i ndáil leis na himscrúduithe Garda agus OSFC gaolmhara.

Tríd is tríd bhíothas sásta leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ar na himscrúduithe ag deireadh na bliana. Ar deireadh thiar is é Stúirthóir na nIonchúiseamh Poiblí a dhéanfaidh cinneadh in am is i dtráth faoi an bhfuil bunús ann le himeachtaí coiriúla a lainseáil.

Imscrúdú ar Imeachtaí i DCC plc, S & L Investments Ltd agus Lotus Green Ltd

Thionscain Fyffes plc éileamh sibhialta maidir le déileáil chos istigh i gcoinne DCC plc, S&L Investments Ltd, Lotus Green Ltd agus an tUasal James Flavin go luath i 2002. Ba é toradh na caingne fada sin go ndearnadh cinneadh d'aon ghuth sa Chúirt Uachtarach i 2007 sa chiall gur dhéileáil an tUasal Flavin i scaireanna Fyffes i mí na Feabhra 2000, tráth a raibh faisnéis phraghas-fógair maidir leis an gcuideachta sin ina sheilbh aige de bhua a chomhaltas i mbord na stiúrthóirí ag an am sin. Chosain sé €42 milliún (ar a n-áirítear costais dlíthiúla) ar Ghrúpa DCC i 2008 an t-éileamh sibhialta a réiteach.

Nuair a bhí deireadh leis an gcaingean sibhialta chuir OSFC iarratas chuig an Ard-Chúirt chun Cigire a cheapadh do DCC plc, S & L Investments Ltd. agus do Lotus Green Ltd d'fhonn na fírící maidir leis na hidirbhearta ábhartha i scaireanna Fyffes a fháil amach ní hamháin i mí na Feabhra 2000 ach i 1995 freisin, tráth a bhí idirbhearta gaolmhara eile á ndéanamh. Ag éirí as an iarratas sin chinn an Ard-Chúirt an tUasal Bill Shipsey SC a cheapadh i mí na Mheithimh 2008 mar Chigire do na trí cuideachta. Ba é aidhm an fhiosrúcháin seo an éiginnteacht reatha a bhain le

22 Mar a cheadaítear le hAlt 20 d'Acht na bliana 1990 (arna leasú ag Alt 5 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009).

23 Arna chur isteach le hAlt 5(b) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009.

24 Rinneadh iarratais Mháirta agus Mheán an Fómhair faoi Alt 23(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus faoi Alt 23(1C) d'Acht na bliana 1990 (arna chur isteach le hAlt 6 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009) faoi seach.

gnéithe de cheannacháin agus de dhíolacháin éagsúla na scaireanna Fyffes idir 1995 agus 2000 a shoiléiriú agus an fhreagracht agus an chiontacht chuí a chur i leith duine ar bith a chuidigh le mainneachtain bhraite.

Ag druidim le deireadh na bliana 2009 chuir an Cigire an Tuarascáil chríochnaithe faoi bhráid na hArd-Chúirte agus d'ordaigh siadsan í a fhoilsiú an 19 Eanáir 2010. Ar foilsiú di, chuir an Stiúrthóir um Fhorfheidmiú Corparáideach in iúl nach raibh sé de rún aige aon imeachtaí a bhunú de thoradh chinntí na Tuarascála. Tá cóipeanna den Tuarascáil leathnaithe agus de ráiteas preasa an Stiúrthóra ar fáil ag www.osfc.ie. I **Léargas 2.1.1** tá achoimre ar phríomhchonchlúidí an Chigire.

Léargas 2.1.1: Príomhchonchlúidí Cigire DCC plc, S&L Investments Ltd agus Lotus Green Ltd

“...glacann na cuideachtaí leis go bhfuil freagracht chorparáideach tromchúiseach orthu.” agus “chuir na stiúrthóirí, na hoifigigh agus na fostaithe ón bPríomhfhéidhmeannach anuas, luach ard ar gheilliúntas dlíthiúil agus rialaitheach...” (mír 12.1.6)

“...the companies took their corporate responsibilities very seriously.” and “the directors, officers and employees, from the then Chief Executive down, placed a high value on legal and regulatory compliance...”

“ní eascraíonn as cinneadh DCC agus S&L an leas tairbhíúil i scaireanna Fyffes a aistriú go Lotus Green ná as éadail an leasa thairbhíúil sin ag Lotus Green i 1995, fionais nó inthosca a thugann le tuiscint go raibh aon sárú ar Alt 108 d’Acht na gCuideachtaí 1990 [ina bpléitear déileáil cos istigh]...” (mír 12.1.9)

“...the decision of DCC and S&L to transfer the beneficial interest in the Fyffes shares to Lotus Green, and Lotus Green’s acquisition of that interest in 1995, does not give rise to facts or circumstances suggesting a breach of Section 108 of the Companies Act, 1990 [dealing with insider dealing]...”

“...[i 2000] níor thug an tUasal Flavin faisnéis phraghas-togair a bhí ina sheilbh do aon daoine sna cuideachtaí seachas d’Oifigeach Géilliúntais Grúpa DCC... mar chuid de nós imeachta aon gheilliúntas, agus do chomhairleoir dlí na gcuideachtaí... chun críche comhairle dlí a lorg. Dá bhrí sin cé go raibh roinnt daoine laistigh de DCC... a d’fhreastail don déileáil sna scaireanna sa chiall teicniúil, tá mé sásta nach raibh aon duine a bhí gafa le díolachán na scaireanna laistigh de DCC a chur i gcrích ar an eolas go raibh aon fhaisnéis den chineál praghas-togair ina sheilbh ag Jim Flavin a chuirfeadh faoi deara go raibh an déileáil midhleathach.” (mír 12.1.15)

“...[in 2000] Mr Flavin did not communicate the Fyffes’ price sensitive information in his possession to anyone in the companies other than to the DCC Group Compliance Officer... as part of a compliance procedure and the companies’ legal adviser... for the purpose of seeking legal advice. Therefore, although several persons within DCC... facilitated the ‘dealing’ in the shares in a technical sense, I am satisfied that no one involved in effecting the share sales within DCC knew that Jim Flavin had any information of a price sensitive nature in his possession which could make the dealing unlawful.”

“Ba chostasach an earráid é do DCC, dá iar-Chathaoirleach Feidhmeannach agus dá bhunaitheoir. Ba chostasach an earráid é do DCC freisin i dtéarmaí an airgid a raibh sé de cheangal orthu a íoc do DCC, ach b’fhéidir a áitiú gur chostasáí fós a bhí sé i dtéarmaí an damáiste a rinneadh do cháil DCC agus do Jim Flavin. Níl aon chinneadh ar féidir liomsa a dhéanamh a d’fhéadfadh an damáiste cáile a fulaingíodh sa chás seo a leigheas. Ar a laghad áfach is féidir an ruaig a chur ar an liomhain go ndearnadh déileáil mhicheart d’aon uim nó gur fhianaise an déileáil ar mhí-ionnachas Jim Flavin nó go raibh cultúr na mí-urraime i réim i DCC i ndáil le cód na gcuideachtaí.”

“The error was a costly one for DCC and its former Executive Chairman and founder. It was costly for DCC in terms of the money it was required to pay to Fyffes, but it was, arguably, more costly in terms of the reputational damage to both DCC and Jim Flavin. No finding of mine can repair the reputational damage inflicted in this matter. At least, however, the suggestion that the dealing was intentionally wrongful, or that it was evidence of dishonesty on the part of Jim Flavin and of a culture of disrespect for the companies code in DCC can be dispelled.”

“Ní hamhlaidh gur ghníomhaigh Jim Flavin go meargánta nó gan chúram. Cinneadh ar deireadh thiar gur míbhreithiúnas a bhí ann maidir leis an bhfaisnéis a bhí ina sheilbh aige nuair a tháinig na stocbhroicéirí chuige chun na scaireanna a cheannach, ach nár dhéileáil sé gan smaoineamh a dhéanamh an raibh sé de chead aige nó ag DCC na scaireanna a dhíol. Ag breathnú siar ar chúrsaí anois is léir go raibh sé rómhuiníneach as gníomhaíochtaí Fyffes. Níorbh aon chosaint dó a eolasaí is a bhí sé ar cibé treoir a bhí ar fáil ón Margadh Stoic in Éirinn nó san RA maidir le cad is déileáil chos istigh ann nó cad is faisnéis phraghas-togair ann.” (mír 12.1.19)

“The actions of Jim Flavin were not undertaken recklessly or with an absence of care. He was ultimately found to have misjudged the information he had in his possession when he was approached by the stockbrokers with a view to buying the shares, but he did not ‘deal’ without considering whether he or DCC were free to sell the shares. With hindsight, he placed far too much reliance on the actions of Fyffes. His familiarity with such guidance as existed from the Stock Exchange in Ireland and the U.K. as to what constituted ‘insider dealing’ or ‘price sensitive information’, did not protect or assist him.”

“Ag am áfach a bhfuil dreamanna idirnáisiúnta ag bualadh anuas ar ‘Ireland Inc’ i ndáil leis an aireachtáil go bhfuil caighdeán ísle i réim in ionaid arda chorparáideacha is é an teachtaireacht atá le fáil ón tuarascáil seo go raibh gníomhaíochtaí DCC, S&L agus Lotus Green idir 1995 agus 2000 i ndáil le hidirbhearta faoi imscrúdú agus in ainneoin earráid bhreithiúnais an Uasail Flavin, ag teacht leis na caighdeáin a cheanglaítear de réir dlí.” (mír 12.1.20)

“At a time however when ‘Ireland Inc’ is taking a beating internationally from a perception of low standards in high corporate places the message from this report is that the actions and behaviour of DCC, S&L and Lotus Green between 1995 and 2000 in connection with the transactions under investigation measured up to the standards required by law notwithstanding Mr. Flavin’s error of judgment.”

Imscrúduithe Foirmeálta eile

Amach ó DCC agus ó Anglo bhí dhá imscrúdú fhoirmeálta ar leabhair agus ar dhoiciméid chuideachta fós gan bheith críochnaithe ag an Oifig ag tús na bliana 2009. I gcás amháin bhí dul chun cinn suntasach déanta chun breithniú ar na himeachtaí casta a bhí i gceist agus b'fhéidir go gcuirfidh OSFC imeachtaí forfheidhmithe ar bun maidir leis i 2010.

Rinneadh tagairt i dTuarascálacha Bliantúla a eisíodh roimhe seo don imscrúdú a rinne OSFC ar leabhair agus ar dhoiciméid Cologne Reinsurance Ltd. Tuigtear gur féidir gur cuireadh deireadh le roinnt imeachtaí gaolmhara sna SA i 2009 a raibh roinnt de na páirtithe bainteach leo agus ag deireadh na bliana bhí an Oifig ag feitheamh ar dheimhniú thoradh na n-imeachtaí sin sula measfadh sí cén beart, má bhí beart le déanamh, a bheadh oiriúnach do OSFC sa chás.

Córas Tuairiscithe an Leachtaitheora

Léirítear próiseas agus raon feidhme tuairiscíú leachtaitheora in dhá phríomhfhoilseachán de chuid OSFC, Fógra Cinnidh D/2002/3 arna comhlánú le Fógra Cinnidh D/2003/1²⁵. Mar achoimre, tá ceangal dlí²⁶ ar leachtaitheoir i gcuideachta atá faoi leachtú dócmhainneach forléasadh na cuideachta agus iompar aon duine a bhí ina stiúirthóir uirthi sa dhá mhí dhéag sular cuireadh faoi leachtú í a thuairiscíú do OSFC. Ní mór don leachtaitheoir freisin iarratas ar shrianadh²⁷ i leith gach duine de na stiúirthóirí a chur chuig an Ard-Chúirt mura scaoileann OSFC ón oibleagáid sin é/í. Measann an Oifig go bhfuil faoiseamh (an scaoileadh) oiriúnach nuair a chuireann an leachtaitheoir cosaint loighciúil faoina bráid a thacaíonn le dearbhú gur ghníomhaigh an stiúirthóir go macánta agus go freagrach le linn dó/di cúrsaí na cuideachta a stiúradh.

Ó tharla líon mór tuarascálacha ó leachtaitheoirí a bheith ag teacht chuig an Oifig agus méadú i gcónaí ar an líon sin agus aird aici ar na hacmhainní teoranta a bhí aici chuir OSFC cinneadh dá cuid i bhfeidhm i 2009 deireadh a chur leis an gceangal ar leachtaitheoirí tuarascálacha breise agus deiridh a thabhairt ar aird a thúsce a bhí cinneadh deifnídeach déanta ag an Oifig faoiseamh a dheonú nó gan a dheonú. De thoradh an chinnidh pholasaí seo a fógraíodh i bhfógra Faisnéise I/2009/1²⁸ is féidir níos mó acmhainní a dhíriú i dtreo tuarascálacha tosaigh leachtaitheoirí agus is é is tábhachtaí.

Tuarascálacha Leachtaitheora i 2009

Tá sonraí maidir le líon na dtuarascálacha leachtaitheora i 2009 in **Aguisín 2.1.1**. Fuarthas 876 tuarascálacha tosaigh (406 in 2008)²⁹ i ndáil le cuideachtaí a cuireadh faoi leachtú le deireanas. Cuireadh isteach 247 dtuarascáil bhreise³⁰ nó deiridh³¹ freisin (768 i 2008). Ba é cinneadh OSFC an ceangal maidir le cur isteach na dtuarascálacha seo a dhéanamh níos scaoilte ba chúis leis an titim tobann. Fuarthas 1,123 thuarascáil leachtaitheora ina n-i 2009 (1,174 i 2008).

Ba é 95%, méid ab ionann agus an méid i 2008, an ráta géilliúntais maidir le leachtaitheoirí a thug ar aird na gcéad tuarascálacha go tráthúil i gcaitheamh na bliana. Rinne an Oifig monatóireacht freisin le cinntiú go raibh leachtaitheoirí ag cur isteach na dtuarascálacha breise agus deiridh. Maidir leis na dtuarascálacha uile a bhí dlite, chuaigh an Oifig i mbun cumarsáide foirmeálta le 60 leachtaitheoir ar 172 ócáid (110 ócáid i 2008) le cur in iúl dóibh go raibh mainneachtain déanta acu maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla.

Is nós ag OSFC leachtaitheoirí a spreagadh tráth a mbíonn tuarascálacha á n-uillmhú acu chun moladh cuí a dhéanamh maidir le faoiseamh trí thagairt a dhéanamh do thorthaí a gcuid imscrúduithe. Mheas an Oifig go raibh caighdeán na dtuarascálacha leachtaitheora a fuarthas i 2009 sáisiúil den chuid is mó. Chuaigh foireann na hOifige i mbun páirtíochta le leachtaitheoirí i rith na bliana chun soiléiriú a fháil maidir le heilimintí dá gcuid tuarascálacha. Bíonn an réimse seo faoi réir athbheithniú leanúnach d'fhonn caighdeán an tuairiscithe a choinneáil slán.

Cinntí OSFC i leith Faoisimh

Rinne OSFC cinntí maidir le 962 thuarascáil leachtaitheora i 2009; tuarascálacha tosaigh a bhí i 625 acu agus tuarascálacha breise nó deiridh a bhí i 337 acu. Ba iad 1,098, 351 agus 747 faoi seach na figiúirí coibhéseacha sa bhliain 2008. Cé gur féidir an meath ar thuarascálacha breise agus deiridh a fhritháireamh in aghaidh an mhéadaithe mhóir ar thuarascálacha tosaigh, is mó na

25 Tá na doiciméid seo ar fáil ag www.odce.ie/ga/media_decision_notices.aspx.

26 Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmíú Dhlí na gCuideachtaí, 2001.

27 Sa chás go bhfuil duine aonair srianta, is féidir leis/léi gníomhú mar stiúirthóir nó mar rúnaí ar chuideachta ar feadh tréimhse chúig bliana ina dhiaidh sin ar an choinníoll amháin go dtagann an chuideachta sin le ceangail chaipitilthe íosta áirithe. I gcás cuideachta príobháidí, éilítear íosmhéid scairchaipitil ghlaite de €63,487. I gcás cuideachta poiblí teoranta is é €317,435 an figiúr comhfhreagrach. Chomh maith leis sin caithfean an scairchaipiteal glaoite a íoc ina iomláine in airgead tirim. Ceadaíonn srianadh do dhaoine aonair áis a bhaint as leasanna dliteanais teoranta ar bhonn leanúnach. Má sháraíonn duine srianta na coinníollacha caipitilthe áfach tiocfaidh go mbeidh sé/sí i mbaol a c(h)iontaithe i gcion indíotáilte agus i mbaol a f(h)íneála agus a d(h)íocháilithe ar feadh cúig bliana.

28 Tá na doiciméid seo ar fáil ag http://www.odce.ie/ga/media_information_notices.aspx.

29 Is éard is tuarascáil tosaigh ann an chéad tuarascáil a fhaightear ó leachtaitheoir taobh istigh de sé mhí ó am a cheapacháin agus i bhformhór na gcásanna is ar bhonn na tuarascála sin a dhéantar an cinneadh maidir le faoiseamh a dheonú nó gan a dheonú. I roinnt cásanna deonaítear faoiseamh 'ag an am seo' d'fhonn imscrúduithe breise an leachtaitheora a éascú.

30 Is gnách go bhfaightear tuarascáil bhreise ó leachtaitheoir sé mhí ina dhiaidh má deonaíodh faoiseamh 'ag an am seo' agus dhá mhí dhéag ina dhiaidh más amhlaidh go bhfuil cinneadh déanta faoiseamh a dheonú nó gan a dheonú. Is ar an dóigh sin a dhéanann an OSFC monatóireacht ar dhul chun cinn leachtaithe dhócmhainneach. Os rud é gur ar bhonn na tuarascála tosaigh a dhéanfar an príomhchinneadh maidir le cé acu an scaoilfean nó nach scaoilfean leachtaitheoir ón oibleagáid imeachtaí srianta a thionscnamh is cinntí um 'scaoileadh' a bheidh i bhformhór na gcinntí le haghaidh tuarascálacha breise. An eisceacht maidir leis sin is ea nuair a deonaíodh 'faoiseamh ag an am seo' níos luaithe d'fhonn freastail a dhéanamh d'imscrúduithe breise an leachtaitheora.

31 Faightear tuarascáil deiridh ó leachtaitheoir ceithre seachtaine roimh chruinnithe deireanacha nó roimh díscaoileadh deireanach más leachtú Cúirte atá sa leachtú. Is cleachtas monatóireachta deiridh OSFC é seo sula ndíscaoilfean cuideachta dhócmhainneach.

huaireanta oibre foirne a chaitear ar mheasúnú tuarascáil tosaigh an leachtaitheora. Is amhlaidh dá réir gur ionann an méadú ó 351 go 625 ar láimhdeachas tuarascálacha tosaigh leachtaitheoirí agus méadú suntasach ar an ngníomhaíocht sa réimse seo.

Seo a leanas cineál na gcinntí i leith faoisimh i ndáil le tuarascálacha tosaigh i 2009 (i gcomórtas le 2008):

Cineál an Chinnté	2008	%	2009	%
Faoiseamh iomlán ³²	251	71%	426	68%
Gan faoiseamh ³³	23	7%	41	7%
Faoiseamh 'ag an am seo' ³⁴	70	20%	149	24%
Páirtfhaoiseamh ³⁵	6	2%	9	1%
Cinntí eile	1	0%	0	0%
Iomlán	351	100%	625	100%

Bhí an laghdú beag ó 71% go 68% ar mhéid na gcinntí 'faoiseamh iomlán' idir 2008 agus 2009 faoi seach ag teacht leis an méadú beag ó 20% go 24% ar chinntí 'faoiseamh ag an am seo'. Tá méadú ar líon na leachtaitheoirí atá ag iarraidh breis ama chun obair imscrúdaithe a chur i gcrích tugtha faoi deara ag an Oifig. Is dócha gurb é an brú oibre i ndáil le cleachtais leachtaitheora de bharr an mhéadaithe mhóir ar líon na gcuideachtaí atá ag dul faoi leachtú is cúis leis sin. Ach tá an Oifig i bhfách leis an tuairisciú iomlán agus tráthúil a choinneáil ar siúl agus beidh sí ag súil leis go gcuirfidh leachtaitheoirí teorainn de 20% le líon na n-iarratas ar bhreis ama a chuireann siad chuig an Oifig.

Le linn di cinntí a dhéanamh maidir le faoiseamh is mian leis an Oifig a chinntiú freisin nach gcuirfead ar aon stiúrthóir gan ghá, an trioblóid a bhaineann le héisteacht san Ard-Chúirt i gcás go bhfuil sé léirithe go soiléir aige nó aici gur ghníomhaigh sé/sí go macánta agus go freagrach le linn dó/di cúrsaí an tionscadail loicthe a stiúradh.

Is cinnte nuair a bhíonn cinntí maidir le 'gan faoiseamh' nó 'páirtfhaoiseamh' á ndéanamh ag OSFC nach cinntí maidir le hionrachas nó le freagracht na stiúrthóirí lena mbaineann atá i gceist agus bheadh sé míchuí dá ndéanfaí aon tátal nó aon líomhain dá leithéid a tharraingt as an scéal. Is faoin Ard-Chúirt (tar éis fianaise leachtaitheora agus mínithe stiúrthóirí cuideachta a éisteacht) atá sé cinneadh a dhéanamh faoi ar chóir dearbhú um shrianadh a dhéanamh maidir le haon stiúrthóir cuideachta faoi leith.

Tá liostaí iomlána na gcuideachtaí ar deonaíodh 'faoiseamh iomlán' agus faoiseamh 'ag an am seo' ina leith le fáil i 2009 i bhFógra Eolais OSFC Uimh. 1/2009/1 ar shuíomh idirlín OSFC ag www.osfc.ie.

Córas Tuairiscithe an Chomhlachta Iniúchóra agus Cuntasaíochta

Tá ceangal reachtúil ar iniúchóirí tuairisc a chur chuig OSFC má bhraitear i gcúrsa iniúchta cásanna ina bhfuil amhras faoi chion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí³⁶. I gcomhar leis na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta thairg OSFC treoir thábhachtach maidir leis an oibleagáid tábhachtach tuairiscithe seo³⁷. Tá curtha in iúl níos luaithe sa Tuarascáil seo gur foilsíodh Fógra Faisnéise nua OSFC³⁸ i gcomhpháirt leis na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta i 2009 a raibh sé d'aidhm leis raon teoranta na gciontaí a thuairiscítí don Oifig san am atá caite a leathnú.

Baineann oibleagáid tuairiscithe cosúil leis sin le comhlachtaí cuntasaíochta le linn dóibh a gcuid feidhmeanna araíonachta a fheidhmiú³⁹.

Tuarascálacha Chomhlachtaí Iniúchóra agus Cuntasaíochta i 2009

Fuarthas 237 dtuarascáil dá leithéid i 2009 (210 i 2008) agus thángthar go léir ó iniúchóirí cé is moite dhá cheann díobh (trí i 2008).

32 Deonaíodh 'faoiseamh iomlán' i gcásanna a raibh OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag stiúrthóirí uile na cuideachta dócmhainní gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

33 Níor deonaíodh faoiseamh nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, nach raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag aon cheann de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

34 Deonaíodh faoiseamh 'ag an am seo' i gcásanna ina raibh OSFC sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun na cúinsí ba chúis le forléasadh na cuideachta a imscrúdú mar ba chúí. Cuireann an OSFC ceangal ar leachtaitheoirí den chineál sin an dara tuarascáil a chur isteach; déantar cinneadh nua maidir le faoiseamh ina dhiaidh sin.

35 Deonaíodh 'páirtfhaoiseamh' nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

36 Faoi Alt 194(5) d'Acht na gCuideachtaí 1990 arna chur isteach ag Alt 74 d'Acht na bliana 2001 agus ina dhiaidh sin arna leasú ag Alt 37 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 agus ag Alt 73 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005.

37 Fógra Cinnidh D/2003/2 – Treoir Athbheithnithe faoin Dualgas ar Iniúchóirí Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Chionta Indíotáilte a thuairiscítí don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

38 Fógra Eolais 1/2009/4 – Cionta i gcoinne Dhlí na gCuideachtaí a Thuairiscítí: Faisnéis d'Iniúchóirí.

39 Alt 58 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 (maidir le leachtaitheoirí agus glacadóirí) agus Alt 192(6) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú ag Alt 73 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001) (maidir le comhaltaí an chomhlachta go ginearálta) a bhaineann go príomha le cásanna ina bhfuil amhras faoi chionta indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí.

In **Aguisín 2.1.2** leis an Tuarascáil seo liostaítear na príomhchásanna a tuairiscíodh i 2009 ina raibh amhras faoi chion. Mar ab amhlaidh sna blianta a chuaigh roimhe seo ba thréith de 92% de na mainneachtanaí a tuairiscíodh an dá fhionnachtain a leanas:

- idirbhearta stiúrthóirí a bhí i gceist i 185 chás a bhain le húsáid mhíchuí sócmhainní cuideachta⁴⁰. B'ionann agus méadú de 25% ar an mbreis agus 146 mhainneachtain a fuarthas i 2008 an figiúr seo;
- tuairiscíodh 33 chás i 2008 ina raibh amhras faoi loic maidir le leabhair chúí chuntas⁴¹ a choinneáil (32 chás i 2008).

Idirbhearta Stiúrthóirí

Aibhsíodh feiniméan iasachtaí stiúrthóirí agus idirbhearta eile i dTuarascálacha Bliantúla a foilsíodh roimhe seo agus, ar an drochuair, chuir imeachtaí na bliana 2009 faoi deara go bhfuil an tsaincheist seo i mbéal an phobail i gcónaí. B'ionann agus ardú de 20% i gcomórtas le méid na gcásanna i 2008 an 185 chás maidir le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí a tuairiscíodh i 2009. Tharla an cion áirithe seo i nach mór 80% de na tuarascálacha iniúchára a fuarthas. Maidir leis na cásanna a tuairiscíodh ba é €162 milliún an méid airgid a bhain leo i 2009; is ardú de 21% é sin ar fhigiúr na bliana 2008, €134 milliún.

Lean an Oifig léi i 2009 ag spreagadh stiúrthóirí i gcásanna iomchuí idirbhearta ionsaitheacha a braitheadh a chur ina gceart trí airgead a aisíoc don chuideachta d'fhonn na méideanna a bhí fós gan íoc a choinneáil taobh istigh de na teorainneacha a cheadaítear faoi dhlí na gcuideachtaí. Ar mhodhanna inghlactha eile áirítear athstruchtúru oiriúnach corparáideach sa chaoi is go cruthaítear grúpa cuideachta mar a mhínítear le hAchtanna na gCuideachtaí idir na cuideachtaí iasachtacha agus na cuideachtaí tabhartha iasachtaí. Tugadh rabhadh do stiúrthóirí maidir leis na hiarmhairtí dóibh agus dá gcuideachtaí dá dtarlódh mainneachtanaí dá leithéid amach anseo.

Tríd is tríd chuir stiúrthóirí cuideachtaí luach €94 milliún de hidirbhearta ar ais laistigh de na teorainneacha a cheadaítear faoin dlí ar a n-áirítear an chás mór atá luaite i **Léaráid 2.1.2** thíos faoi, taobh istigh de na teorainneacha a cheadaítear faoin dlí. De thoradh an mheatha ar an gcomhshaol eacnamúil bhí méadú i 2009 ar an bhfianaise nach rabhthas in ann cuid de na hiasachtaí agus de na hidirbhearta eile a fuair stiúrthóirí agus daoine bainteacha óna gcuideachtaí a íoc ar ais. Thug an Oifig rabhadh do thart ar 360 stiúrthóir i rith na bliana. Creidtear go gcuirfidh an laghdú ar an dualgas cruthúnais i ndáil leis an bhforáil um chion gaolmhar⁴² modh inmharthana ar fáil chun pionós a ghearradh ar stiúrthóirí faillíocha amach anseo i gcásanna oiriúnacha.

Bhí 55 chás idir lámha ag deireadh na bliana agus ba é €68 milliún an luach idirbheart comhcheangailte tuairiscithe a bhain leo.

Léiriú 2.1.2: Sárú na Srianta a Rialaíonn Idirbhearta Stiúrthóirí a Réiteach trí Athstruchtúru Corparáideach

I 2009 fuair an Oifig tuarascáil um chion indíotáilte ó iniúcháir cuideachta móire ("Cuideachta A") maidir le hidirbheart os cionn an mhéid a bhí ceadaithe de réir dlí. Bhain sé le hiasachtaí de níos mó ná €70 milliún a thug Cuideachta A do chuideachtaí nach cuid de ghrúpa cuideachtaí a chuimsigh Cuideachta A a bhí iontu. Bhí na cuideachtaí thairbhíocha á rialú ar leithligh ag stiúrthóirí Cuideachta A áfach.

Réitíodh an scéal trí athscruchtúru corparáideach a chruthaigh grúpa cuideachtaí de réir bhrí Alt 155 d'Acht na gCuideachtaí 1963. Cheadaítear idirbhearta grúpa inmheánacha de réir Cuid III d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú).

Ní hamháin go gceanglaítear de réir dlí go mbeidh srianadh ar úsáid sócmhainní cuideachta chun críocha eile seachas chun leasa na cuideachta agus cuideachtaí grúpa eile ach ceanglaítear freisin⁴³ go nochtfar faisnéis shonraithe a bhaineann le hidirbhearta idir cuideachtaí agus a gcuid stiúrthóirí nó idir cuideachtaí agus páirtithe eile a bhfuil baint acu leis na stiúrthóirí sna nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais cuideachta. Ba réimse é seo a ndearna foireann OSFC iniúchadh air i 2009 ar bhonn leanúnach.

Gearáin Phoiblí agus Braith eile - Próiseas Deonach

Murab ionann agus leachtaitheoirí, iniúcháirí, agus comhlachtaí cuntasáiochta a bhfuil ceangal dlí orthu sna himthosca atá sonraithe sa dlí tuarascáil a chur chuig OSFC, is próiseas deonach amach is amach atá i gceist le gearáin ón bpobal agus ó eintitis eile. I gcás rialtóirí eile is de bhíthin forálacha maidir le comhroinnt dhleathach faisnéise trína ndíolmhaítear na comhlachtaí óna ngnáthoibleagáid maidir le rúndacht a dhéantar freastal don tuairiscíú seo.

Braitheann OSFC, i gcúrsa a cuid oibre féin agus le linn di monatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha sna meáin agus ar thuarascálacha eile arna bhfoilsíú, saincheisteanna ar féidir go mbaineann tréithe de dhlí na gcuideachtaí leo.

Gearáin Phoiblí agus Braith eile i 2009

Bhí titim bheag de 3% (ó 416 go 405) ar líon na ngearán a tháinig ón bpobal agus ar bhraith eile a tharraing aird na hOifige orthu féin i 2009.

40 Contrártha le Cuid III de Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú).

41 Contrártha le hAlt 202 de Acht na gCuideachtaí 1990.

42 Alt 40 d'Acht na bliana 1990 (arna leasú ag Alt 7 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009).

43 Alt 41 go hAlt 46 d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú go háirithe ag Alt 8 agus ag Alt 9 de d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009).

Léirítear in **Aguisín 2.1.3** i bhfoirm achomair tréithe na ngearán éagsúla a tháinig ón bpobal agus tréithe na saincheistanna braite eile a tháinig chun suntais i 2009. Feicfead an t-athrú is mó ná na saincheistanna a thuairiscítear sna foinsí sin éagsúil leo siúd a thuairiscíonn iniúcháirí.

B'fhéidir gurb é an t-athrú is suntasaí ar thréithe na gceistanna ar tarraingíodh aird orthu an méadú ó ocht go 53 ar líon na n-easnamh iniúchta idir 2008 agus 2009. Ar na tosca ba shiocair leis an méadú mór bhí méadú ar bhraith maidir le:

- neamhnochtadh a rinneadh stiúrthóirí agus iniúcháirí i ráitis airgeadais cuideachta de shonraí cineálacha áirithe idirbhearta agus socruithe a rinneadh stiúrthóirí agus daoine eile lena gcuideachtaí agus le fochuideachtaí a gcuideachtaí.
- 'iniúchadh' cuideachtaí, mar a ghlaitear air, ag daoine nach bhfuil cáilithe chun gníomhú mar iniúcháirí.

Loiceadh Rialachais Chorporáidigh i gComhlachtaí Poiblí

Cé nach bhfuil sé soiléir ón aicmiú a dhéantar in **Aguisín 2.1.3** tá níos mó teachtaireachtaí ná riamh á gcur chuig an Oifig ag éileamh go mbeadh sí páirteach in imscrúduithe ar loiceadh rialachais chorporáidigh i gcomhlachtaí san earnáil phoiblí. In amanna níl na heintitis lena mbaineann ina gcuideachtaí fiú atá bunaithe agus cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí. I gcás amháin le deireanas, mar shampla, corparáid reachtúil a bunaíodh faoi chód dlí dá cuid féin a bhí sa chomhlacht poiblí a bhí i gceist. Dá bhrí sin níorbh fhéidir leis an OSFC aon idirghabháil a dhéanamh toisc nach raibh an comhlacht i gceist faoi shainchúram reachtúil na hOifige.

Más amhlaidh gur bunaíodh agus gur cláraíodh an comhlacht poiblí i gceist faoi Achtanna na gCuideachtaí is gnáthchleachtas san OSFC gach cás dá leithéid a phlé amháin is dá mba gearán nó tuarascáil chuideachta ón earnáil phríobháideach a bhí ann. I gcás áirithe amháin i 2009 chuaigh an Oifig i mbun plé le Roinn Rialtais agus le hionadaithe poiblí maidir le dearbhuithe ginearálta i leith mí-iompair i gcomhlacht poiblí ab ábhar do scrúdú fóiréinseach gairmiúil. Chinn OSFC ón bhfaisnéis a bhí ar fáil di nach raibh aon fhianaise shoiléir ar shárú dhlí na gcuideachtaí sa chás sin. Cuireadh na dearbhuithe maidir le mí-iompar faoi bhráid an Gharda Shíochána. I **Léiriú 2.1.3** a leanas tá breis faisnéise maidir le cineál an chinnidh a rinneadh OSFC ar an gcás.

Léiriú 2.1.3: Cinneadh OSFC maidir le Loiceadh Rialachais Chorporáidigh i gComhlacht Poiblí

Chinn OSFC i 2009 nach raibh ról aici maidir le himscrúdú a dhéanamh ar shaincheistanna i gComhlacht Poiblí áirithe ab ábhar do ghearán. Seo freagra conclúideach an Stiúrthóra do fhreagróir maidir leis an gcinneadh sin:

*“Mar is eol duit is é an sainchúram atá agam géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh agus a iarraidh orthu siúd a bhfuil ambras fúthu gur sháraigh siad a gcuid oibleagáid faoin na hAchtanna san míniú a thabhairt. Tá scrúdú déanta ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil dúinn maidir leis [an] Cuideachta agus is é an cinneadh deireanach i ndiaidh na bhfiosruithe nach bhfuil fianaise ann gur sáraíodh Achtanna na gCuideachtaí.
“As you will know, my remit is to encourage compliance with the Companies Acts and to bring to account those who are suspected of breaching the obligations in those Acts. We have examined the information available to us in relation to [the] Company and have concluded our enquiries on the basis that no evident breach of the Companies Acts is indicated.*

Mar a mhínigh mé san fhreagra a thug mé roimhe bionn oibleagáidí dlíthiúla ar chuideachtaí agus ar stiúrthóirí cuideachta faoi chóid éagsúla dlí. Ina theannta sin... bionn freagrachtaí breise maidir le rialachas corparáideach ar chuideachta... atá go hiomlán faoi úinéireacht an Stáit.

As I explained in a previous reply, companies and company directors have legal obligations under various codes of law. Moreover, companies... which are wholly owned by the State have additional corporate governance responsibilities.

Tugaimid dár n-aire gur... thug an Tuarascáil aghaidh go sonrach ar na ceangail rialaitheacha agus ar na ceangail um rialachas corparáideach a leanas a bhaineann leis [an] gcuideachta:

We note that the... Report specifically addressed the following regulatory and corporate governance requirements pertaining to [the] Company:

- [Acht príomh ainmnithe];
- Treoirínte chun moltaí um chaiteachas caipitil san earnáil phoiblí a mheasú agus a riar (Iúil 1994); *Guidelines for the appraisal and management of capital expenditure proposals in the public sector (July 1994);*
- Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2001; *Code of Practice for the Governance of State Bodies 2001;*
- Treoracha le haghaidh Soláthar Poiblí 1994 agus 2004 agus Treoracha ábhartha Soláthar AE agus Public Procurement Guidelines 1994 and 2004 and relevant EU Procurement Directives and

- *Eitic sa Soláthar Poiblí (Meitheamh 2005). Ethics in Public Procurement (June 2005).*

Beidh sé soiléir nach dtagann aon cheann de na hábhair seo faoi shainchúram reachtúil na hOifige.

It will be evident that none of these matters are within the statutory remit of this Office.

Baineann aon sárú ar dhlí coiritiúil i gcoitinne leis an nGarda Síochána. Creidim gur chuid den taifead poiblí é go raibh scrúdú á dhéanamh acu ar imthosca an cháis seo. Tá mé feasach faoi ar mhodh ginearálta go ndearnadh gearán amháin nó níos mó do na Gardaí..., ach níl aon fhaisnéis agam maidir le staid aon imscrúdaithe a rinneadh ina dhiaidh sin."

Any breaches of general criminal law are a matter for An Garda Síochána. It is, I believe, a matter of public record that they have been involved in examining the circumstances associated with this case. I am generally aware that one or more statements of complaint have been made to the Gardaí..., but I have no information on the status of any resultant investigation."

Toirmeasc ar Stiúrtóirí Gníomhú mar Stiúrtóirí sa Stát

Ar mhaithe le leas an phobail thug OSFC tosaíocht ar bhonn leanúnach i 2009 do bhrath gníomhaíocht mhíchúil daoine a bhí ag gníomhú mar stiúrtóirí ar chuideachtaí a bhí cláraithe in Éirinn in inneoin go raibh siad dícháilte sa Stát⁴⁴ nó i ndlínsí eile. Choinnigh sí léi freisin ina hiarrachtaí daoine dícháilte arbh fhéidir go raibh siad ag gníomhú go contrártha don dlí i gcoinaí a ainmniú.

I gcás go bhfuil pearsa dícháilte in áit éigin eile beidh sé/sí dícháilte go huathoibríoch chun stiúrtóireacht nó post ceannaireachta eile a ghlacadh i gcuideachta atá cláraithe in Éirinn mura bhfuil an dícháil dearbhaite le Cláraitheoir na gCuideachtaí ar ceapadh dó/di don chuideachta nua-ionchorpraithe nó do chuideachta a bhí ann cheana de réir mar a bheidh⁴⁵. Is cion freisin dul i mbun feidhme i gcás go bhfuil an pearsa dícháilte amhlaidh. Is é cuspóir na forála maidir le nochtadh daoine a dhéanann gnó leis an gcuideachta atá i gceist a chur ar an airdeall go raibh an stiúrtóir dícháilte i ndlínsí eile.

⁴⁴ Duine a dhícháiltear san Ard-Chúirt toirmiscear é ó bheith ceaptha nó ó ghníomhú mar iniúchóir, mar stiúrtóir nó mar oifigeach eile, mar ghlacadóir, mar leachtaitheoir nó mar scrúdaitheoir agus ó bheith bainteach ar bhealach ar bith, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, i geur chun cinn, i bhfoirmiú nó i mbainistíocht chuideachta ar bith nó aon chumann atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair. Duine atá dícháilte agus a sháraíonn ordú Cúirte dlífeair a chiontú agus a dhícháilte ar feadh deich mbliana.

⁴⁵ Alt 195(8) d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú ag Alt 91(a) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001) agus ag Alt 3A d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú ag Alt 101 d'Acht na bliana 2001).

Is ar lámh OSFC atá sé a leithéid de phearsa dícháilte a ionchúiseamh agus déanann sí machnamh faoi i ngach cás feiliúnach. I 2009 dhéileáil an Oifig le seisear aonair ar braitheadh go raibh siad dícháilte i dTuaisceart na hÉireann nó sa Bhreatain. Seirbheáladh fógra orthu ag éileamh *inter alia* go n-éireodh siad as na stiúrtóireachtaí uile a bhí acu agus go scarfadh siad le haon phostanna bainistíochta a bhí acu i gcuideachtaí a bhí cláraithe in Éirinn. De rogha air sin dúradh dóibh gurbh fhéidir leo iarratas ar scaoileadh ón dícháilíúchán a chur chuig an Ard-Chúirt. Ghníomhaigh gach duine den seisear chun an fógra a chomhlíonadh; d'éirigh siad as na stiúrtóireachtaí agus gheall siad go scoirfeadh siad sa mhodh a éilíodh ó gach cuideachta eile go dtí go raibh téarma na ndícháilíúchán eachtracha caite.

Cuideachtaí Bainistithe Maoine Sealbhais

I 2009 fuair OSFC 82 ghearán a bhain go sonrach le cuideachtaí bainistithe maoine sealbhais; ba ardú de 32% é sin i gcomórtas le toradh na bliana 2008. Mar ab amhlaidh sna blianta roimhe, bhain cuid mhaith de na gearáin sin le saincheisteanna nach de shainchúram na hOifige iad. Sa chás tipiciúil bhain na gearáin seo le leibhéal na muirear seirbhíse agus le limistéir choitianta gan a bheith sannta don chuideachta bhainistíochta.

Maidir le saincheisteanna ábhartha um dhlí na cuideachta sna gearáin seo bhain siad go príomha le loicadh:

- cruinnithe ginearálta bliantúla (CGBanna) a thionól;
- comhaltaí a chur ar an eolas go tráthúil go raibh na chruinnithe sin á dtionól;
- cuntais airgeadais dheireanacha na cuideachta a nochtadh do chomhaltaí agus
- imscrúdú cláir chuideachtaí a cheadú.

Beidh páirteachas fadaithe na ngearáin i gceist i dtosach i gcás cuid de na gearáin seo agus b'fhéidir go mbeidh orthu cóipeanna de na comhaontuithe ar chuir siad a n-ainmneacha leo nuair a cheannaigh siad an maoine sealbhais a chur ar fáil don Oifig. Is minic a bhíonn an fhaisnéis seo ag teastáil ar mhaithe leis an tsoiléireacht maidir le cineál ghealltanais an chonartha nó gealltanais eile maidir leis an gcuideachta bainistithe maoine sealbhais atá ar an bhfód.

Nuair a bheidh sé soiléir go bhfuil foras ann do OSFC chun dul i mbun plé leis an ngearán, seans go mbeidh cumarsáid chuimsitheach ina dhiaidh sin le forbróirí na maoine nó leo siúd a bhfuil rialú éifeachtach ar an gcuideachta bainistithe acu. Is sampla **Léiriú 2.1.4** a leanas de chás amháin i 2009 a raibh plé, ach plé a raibh rath air ar deireadh thiar, leis an bhforbróir maoine ag roinnt leis.

Léiriú 2.1.4: Réiteach Rathúil ar Fhadhb Achrannach a bhain le Cuideachta Bainistithe Maoine Sealbhais

Fuarthas gearáin ó chomhaltaí cuideachta bainistithe i mbruachbhaile i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath ina bhfuil cumasc de thithíocht phríobháideach agus de thithíocht inacmhainne. Líomhain na gearánaithe nár tionóladh CGB na cuideachta riamh, gur mhian leo iad féin a chur chun tosaigh sa toghcháin do bhord na stiúrthóirí agus go ndearnadh stiúrthóirí na cuideachta neamhaird dá n-ímní agus nár chomhlíon siad a n-oibleagáidí de réir dhlí na gcuideachtaí.

Chuaigh OSFC i mbun cumarsáide leis an gcuideachta bainistithe ach níor éirigh léi i dtosach. In éagmais aon dul chun cinn chinn an Stiúrthóirí tionól CGB a ordú⁴⁶. Tionóladh CGB na cuideachta agus bhí rath air. Leagadh amach os comhair an chruinnithe na cuntais ba dheireanaí a iniúchadh ag an dtráth sin agus d'éirigh le cuid de na comhaltaí a roghnaigh iad féin a chur ar aghaidh le haghaidh toghcháin a bheith ceaptha don bhord.

Is fiú a thabhairt dár n-aire go ndeachaigh sé mhí thart sular thángthas ar réiteach ar cheist a bhí sách simplí agus ba é loicheadh na stiúrthóirí bainteacha dul i mbun plé ciallmhar leis an Oifig ba mhó ba chúis leis sin. Creidtear anois go bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí agus go bhfuil na comhaid atá cláraithe aici le OCC réidh chun dáta.

Cuideachtaí Dócmhainneacha Neamhleachtaithe ar a n-áirítear Cuideachtaí atá 'Bainte de' Chlár na gCuideachtaí⁴⁶

I dTuarascálacha Bliantúla a eisíodh roimhe seo chuir OSFC in iúl go raibh sí i bhfách le himscrúdú a dhéanamh ar chuideachtaí athbheochana 'phoenix companies' nó ar chleachtas eile arb é an gnáth-thoradh a bhíonn orthu go nglacann cuideachta nua sócmhainní agus gnó (ach ní dliteanais) na cuideachta loicthe chuige féin i dtreo is:

- go saobhtar an iomaíocht sa mhargadh gnó infheidhme toisc go dtairbhíonn an chuideachta de chostais níos ísle ná costais an mhargaidh (mar shampla trí neamhíocaíocht chreidiúnaithe agus/nó na gCoimisinéirí Ioncaim). Dá thoradh sin d'fhéadfadh an ciontóir buntáiste míchothrom iomaíochta a bhaint amach i láthair an mhargaidh;
- go bhfulaingíonn creidiúnaithe cailteanas airgeadais agus gur féidir go gclisfidh ar chuid acu dá bharr, agus
- nach mbíonn dliteanas pearsanta ar stiúrthóirí i ndáil le cailteanas tráchtála nó go mbíonn bealach éalaithe eile acu ón bhfreagracht as loicheadh na cuideachta.

Dhírigh OSFC a haird ar bhonn leanúnach i 2009 ar chuideachtaí dócmhainneacha ar thréig a stiúrthóirí iad agus ar baineadh de Chlár na gCuideachtaí ina dhiaidh sin iad as siocair loicthe tuairisceáin bhliantúla a chlárú. Tá an bealach oscailte don OSFC iarratas ar dhícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí dá leithéid atá bainte de Chlár na gCuideachtaí a chur chuig an Ard-Chúirt⁴⁷. Ach foráiltear sa dlí⁴⁸ freisin nach féidir leis an Ard-Chúirt ordú dícháilithe a chur ar dhuine a léiríonn don chúirt nach raibh aon dliteanais ag an gcuideachta tráth ar baineadh den Chlár í nó go raibh na dliteanais sin díscartha roimh thionscnamh an iarratais ar dhícháiliú. In ionad breithniú a dhéanamh ar cén pionós ba chóir a fhorchur, féadfaidh an Chúirt na stiúrthóirí a shrianadh i gcás go mbreithníonn sí nach bhfuil údar leis an dícháiliú.

Ach ní thagann caingean Cúirte i gceist i ndáil le gach cuideachta atá bainte den Chlár a ndéanann an Oifig imscrúdú uirthi. I roinnt cásanna a ndearna an Oifig scrúdú orthu, rinne na hiarstiúrthóirí iarracht a gcúrsaí a thabhairt chun rialtacha tríd an gcuideachta a bhí bainte den Chlár a chur ar ais air go foirmeálta. Mar chuid den nós imeachta sin ullmhaítear agus cuirtear isteach chuig an OCC na tuairisceáin bhliantúla uile atá fós gan bheith curtha isteach, íoctar na táillí uile a gearradh de bharr an chláraithe ródheireanaigh agus cuirtear iarratas foirmeálta chuig an Ard-Chúirt an chuideachta a chur ar ais ar an gClár i gcás go bhfuil an chuideachta bainte de ar feadh níos mó ná bliain amháin.

I cásanna eile bíonn na hiarstiúrthóirí in ann OSFC a shásamh go raibh na dliteanais uile réitithe tráth ar baineadh an chuideachta den chlár nó sular cuireadh tús le himeachtaí Cúirte a bhí beartaithe. Chuige sin éilítear de ghnáth go n-ullmhófar agus go gcuirfear isteach na cuntais chuí, cuntais a théann na blianta siar go minic, ina dtaispeántar trádáil na cuideachta sa tréimhse ó cuireadh an tsraith dheireanach chuntas chuig an OCC nó ó rinneadh an t-ionchorprú i gcásanna nár cuireadh cuntais isteach riamh chuig an OCC. Éilítear ar na hiarstiúrthóirí freisin go dtaispeánfadh siad go bhfuil na creidiúnaithe uile íoctha nó go bhfuil na fiacha sin atá amuigh réitithe agus is minic a iarrtar fíorú neamhspleách maidir leis sin ar chreidiúnaithe aonair.

Mar a chuirtear in iúl thíos bhain an Oifig ordú dícháilithe amach ar feadh tréimhsí ó cheithre bhliain go sé bhliain i gcoinne deichniúr stiúrthóirí i gcuideachtaí a bhí bainte den chlár i 2009 (12 i 2008). Ag deireadh na bliana 2009 bhíothas ag feitheamh ar éisteacht chúig thrí chás eile san Ard-Chúirt. Bhí roinnt cásanna breise fós oscailte ag ceann na bliana agus tá súil leis go dtionscnófar roinnt chásanna eile i 2010.

47 Alt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú ag Alt 42(b)(ii) d'Acht na bliana 2001).

48 Alt 160(3A) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú ag Alt 42(c) d'Acht na bliana 2001).

46 Alt 131(3) d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú ag Alt 14 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001).

I bhfianaise na n-iarmhairtí poitéinsiúla ar thréigean cuideachtaí dócmhainneacha atá léirithe thuas, ba chóir do stiúrthóirí cuimhneamh air go mbeadh sé den chríonnacht a gcuideachta a chur faoi leachtú go foirmeálta nó socrúithe a dhéanamh chun í a bhaint den Chlár go deonach. I gcás cuideachta ar bith a baineadh de Chlár na gCuideachtaí, ba chóir go mbeadh stiúrthóirí feasach faoi go bhfuil na sócmhainní atá fágtha inti dílsithe don Aire Airgeadais de réir fhorálacha an Achta Mhaoine Stáit. Is é polasaí OSFC aird na Roinne Airgeadais a tharraingt ar chásanna ina sonraítear go raibh sócmhainní suntasacha ag cuideachta an tráth ar baineadh den Chlár í.

Fo-Aidhm 2.2: Achtanna na gCuideachtaí a Fhorfheidhmiú i gcás Sáruithe Tromchúiseacha

Réamhrá

Lean an Oifig léi i 2009 ag saothrú roinnt cásanna ina raibh amhras faoi mhainneachtanaí tromchúiseacha i gcoinne dlí agus dualgais faoi Achtanna na gCuideachtaí. Áirítear ar na buaicphointí:

- cinneadh na Cúirte Uachtaraí ar an gcéad achomharc i gcásanna éagsúla dícháilithe OSFC a d'eascair ó chinntí diúltacha i dTuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte i leith National Irish Bank Limited (NIB) agus National Irish Bank Financial Services Limited (NIBFS). D'éirigh leis an bhFreagróir i gceist a dhícháili san Ard-Chúirt a chur ar cheal.
- éisteacht achomhairc beirt chosantóir sa Chúirt Chuarda Choiriúil i gcoinne a gciontaithe as sáruithe sonracha ar Achtanna na gCuideachtaí. Seasadh leis an gciontú sa dá chás. I gcás amháin daingníodh na pionóis a fhorchuir an Chúirt Chuarda agus sa dara chás rinneadh leasú ar na pionóis ach sa mhéid sin amháin gur cuireadh ar fionraí ar feadh dhá bhliain pionós de sé mhí príosúnachta.
- an chéad dícháiliú ar stiúrthóir neamhchónaitheach ag éirí as iarratas OSFC ar dhícháili de bhun Alt 160(2)(h) d'Acht na bliana 1990.
- an chéad uair a dícháilíodh pearsana as gníomhú mar stiúrthóirí ar chuideachtaí in ainneoin nach raibh siad cláraithe mar stiúrthóirí ar na cuideachtaí a bhí i gceist. Uair amháin eile tionscnaíodh na himeachtaí OSFC faoi Alt 160(2)(h).

Imeachtaí Forfheidhmithe OSFC

I 2009 bhain OSFC sé chinn de chiontuithithe coiriúla (móide 12 chúiseamh a cuireadh san áireamh) agus deich gcinn de dhícháiliúcháin amach as siocair shárú dhlí agus dhualgais na gcuideachtaí. Sa tábla thíos tá achoimre ar staid chúrsaí maille lena mhacasamhail de shonraí don bhliain 2008.

Toradh Imeachtaí Forfheidhmithe Dlí Ráthúla	2008	2009
Cúisimh ar ciontaíodh daoine ina leith	32	6
Cúisimh a cuireadh san áireamh ar ciontú	1	12
Dícháiliúcháin	20	10
Sriantaí	1	-
Cinntí eile	1	1
Iomlán	55	29

I 2009 ghlac an Oifig páirt i dtrí chinn déag faoi leith d'imeachtaí forfheidhmithe coiriúla agus sibhialta os comhair na gCúirteanna, ceann amháin sa Chúirt Uachtarach, seacht gcinn san Ard-Chúirt, trí chinn sa Chúirt Dúiche, ceann amháin sa Chúirt Chuarda Choiriúil agus ceann amháin eile sa Chúirt Chuarda Choiriúil agus sa Chúirt Dúiche.

Rinne an Oifig iarratas ar chúig chinn déag d'orduithe breise agus d'fhaoisimh eile i rith na bliana freisin; san Ard-Chúirt is ea a rinneadh ceithre chinn agus rinneadh aon cheann déag ag leibhéal na Cúirte Dúiche.

Is léir ó fhorfheidhmithe ar staid agus ar thoradh na n-imeachtaí sin agus na n-imeachtaí dlíthiúla eile in **Aguisín 2.2.1** go raibh rath ar obair na hOifige ar an mórchuid sna himeachtaí sin mar a bhí i mblianta a chuaigh roimhe. Níor cailleadh ach cás amháin i 2009.

Tá miontuairisc móide sonraí cáis in **Aguisín 2.2.2** ar na himeachtaí forfheidhmithe amháin. I gcomhréir le cleachtas OSFC cuireadh achoimre gach cáis ar an suíomh idirlín www.osfc.ie i 2009.

Caingne Forfheidhmithe Shibhialta

Dhícháiligh an Ard-Chúirt deichniúr stiúrthóir ar feadh tréimhsí cúig bliana in ocht gcinn de chásanna agus ar feadh tréimhsí ceithre agus sé bliana in dhá chás éagsúla. Tionscnaíodh na himeachtaí uile seo faoi Alt 160(2)(h) d'Acht na bliana 1990 agus bhain siad le cuideachtaí a baineadh de Clár na gCuideachtaí mar gheall ar mhainneachtanaí gan tuairisceán bliantúil a chur isteach i gcásanna ar loic ar na stiúrthóirí a léiriú don Ard-Chúirt nach raibh dliteanais fós gan bheith íoctha ag na cuideachtaí i gceist. I dtromlach na gcásanna seo ba stiúrthóirí ar níos mó ná cuideachta amháin a bhí bainte den chlár na pearsana dícháilithe.

Mar a chuirtear in iúl thuas bhain OSFC an chéad dícháiliú amach i leith pearsa neamhchónaitheach a bhí ina stiúrthóir ar dhá chuideachta a baineadh den chlár. I gcás amháin eile baineadh amach dícháiliúchán den chéad uair i gcoinne pearsana a ghníomhaigh mar stiúrthóirí cuideachta ach nár cuireadh in iúl don Oifig um Chlárú Cuideachtaí go raibh siad ag gníomhú amhlaidh.

Tá roinnt mhaith oibre á dhéanamh ar bhonn leanúnach ag an Oifig ag eascairt as Tuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte i leith National Irish Bank Limited (NIB) agus National Irish Bank Financial Services Limited (NIBFS) a foilsíodh i mí Iúil 2004. Éisteadh ceann de na cásanna san Ard-Chúirt ar feadh tréimhse trí seachtaine i 2009 agus bhíothas fós ag feitheamh ar bhreith ag deireadh na bliana.

Is i 2009 chomh maith a rinne an Chúirt Uachtarach cinneadh ar an gcéad achomharc i gcoinne dícháiliúcháin san Ard-Chúirt i gcás NIB/NIBFS agus dá thoradh sin d'éirigh leis an bhfreagróir tréimhse dhícháiliúcháin cheithre bliana a chur ar cheal.⁴⁹

Tá achoimre ar staid na naoi gcaingne dhícháiliúcháin a tionscnaíodh i gcéadair i 2005 sa tábla a leanas. Bhí seacht gcinn díobh fós ar siúl ag deireadh na bliana 2009.

Imeachtaí Dícháiliúcháin ag éirí as Tuarascáil NIB ag deireadh 2009	Líon
Dícháiliúchán forchurtha ag an Ard-Chúirt – Gan Achomharc	1
Dícháiliúchán forchurtha ag an Ard-Chúirt – Achomharc Freagróra	3
Dícháiliúchán diúltaithe ag an Ard-Chúirt – Achomharc OSFC	2
Dícháiliúchán curtha ar cheal ag an gCúirt Uachtarach i ndiaidh Achomhairc	1
Éisteacht Imeachtaí ag an Ard-Chúirt – ag Feitheamh ar Bhreith	1
Imeachtaí fós gan éisteacht san Ard-Chúirt	1

Bhí 13 imeachtaí de chuid OSFC fós os comhair na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí ag deireadh na bliana. Amach ó na seacht gcás a bhain le NIB bhain trí chás le stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha ar baineadh de Chlár na gCuideachta iad mar gheall ar mhainneachtanaí gan tuairisceán bliantúil dlite a chur isteach; bhain dhá chás le caingne dícháilithe de chineál eile atáthar fós ag feitheamh ar achomharc os comhair na Cúirte Uachtaraí ina leith agus bhain cás amháin le Tuarascáil na gCigirí DCC.

Caingne Forfheidhmithe Coiriúla

Ba bhliain sách ciúin í 2009 maidir le hionchúisimh choiriúla OSFC. An phríomhchúis leis sin ba ea gur ghá acmhainní foirne (idir oifigigh Gharda agus foireann riaracháin) a athchumrú chun scála agus castacht an imscrúdaithe ar ábhair áirithe in Anglo a chur san áireamh.

Mar a chuirtear in iúl thuas ba bhliain shuntasach í mar gheall air gur éisteadh achomhairc beirt phearsa a ciontaíodh sa Chúirt Dúiche sa Chúirt Chuarda Choiriúil. Cosnaíodh an dá achomharc go rathúil. Tá faisnéis ar cheann de na cásanna sin ar fáil i **Léiriú 2.2.1** thíos.

Léiriú 2.2.1: Cuntais Chuideachta a Iniúchadh ag Pearsa Nach Bhfuil Cáilithe le hAghaidh sin a dhéanamh agus/nó le linn dóibh bheith Dícháilithe.

Is é an modh ghnóhachtála cáilíochta is coitianta chun bheith ceaptha mar iniúchóir ar chuideachta go mbeidh an té i gceist ina bhall de cheann amháin den sé chomhlacht cuntasaióchta aitheanta agus go mbeadh deimhniú cleachtaithe iniúchta bailí ina s(h)eilbh aige/aici ó cheann de na comhlachtaí sin. Go ginearálta cinntíonn an comhlacht go gcomhallann iniúchóir i mbun cleachtaidh critéir bhliantúla áirithe ar a n-áirítear taifead tinrimh gur fhreastail an té sin ar chúrsaí forbartha gainmiúla leanúnacha.

I dtreo dheireadh na bliana 2008 thionscain OSFC imeachtaí coiriúla i gcoinne Noel O'Gara, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí inar líomhnaíodh sárúithe ar Alt 187 de Achtanna na gCuideachtaí 1990. San Alt sin toirmiscear ar phearsa gníomhú mar iniúchóir i gcuideachta má tá an té sin dícháilithe chun gníomhú amhlaidh nó má tá an té sin dícháilithe de bhua dlúthbhaint shainithe leis an gcuideachta atá á hiniúchadh. Cosnaíonn an fhoráil dícháilithe neamhspleáchas na feidhme iniúchóra.

Éisteadh an cás i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Luain an 16 Eanáir 2009 agus cuireadh naoi gcúiseamh i leith an Uasal O'Gara gur chuir sé seirbhísí iniúchta ar fáil do cheithre chuideachta i gcontráthacht le hAlt 187. Maidir le hocht cinn de na naoi gcúiseamh ghlac an Chúirt le fianaise OSFC gur ghníomhaigh an tUasal O'Gara mar iniúchóir tráth nach raibh sé cáilithe chun é sin a dhéanamh agus nuair a bhí sé dícháilithe de bhua bheith ina oifigeach sa chuideachta gach uile thráth ábhartha. Maidir leis an gcion eile bhí an Chúirt sásta nach raibh an tUasal O'Gara cáilithe chun gníomhú mar iniúchóir. Dá thoradh sin chiontaigh an Chúirt an tUasal O'Gara i gceithre cinn de na hionchúisimh agus ghearr fíneálacha de €3,200 agus d'ordaigh dó €1,500 a íoc chuig chostas an ionchúisimh. Glacadh san áireamh na cúig cúiseamh eile.

Rinne an tUasal O'Gara achomharc ansin i gcoinne an dá chiontú agus i gcoinne an phionóis a gearradh sa Chúirt Chuarda Choiriúil. Éisteadh an achomharc sin an 24 Feabhra 2009 ach chaith an Chúirt amach é agus dhearbhaigh ciontuithe agus ordú na Cúirte Dúiche maidir leis an bhfíneáil agus leis na costais. Ordaíodh don Uasal O'Gara €1,500 breise a íoc i leith chostais an achomhairc loicthe freisin.

49 Cé gur deonaíodh an Ard-Chúirt é níor tháinig an dícháiliú riamh in éifeacht toisc gur bacadh an tOrdú Cúirte ag feitheamh ar achomharc bunaithe ar ghealltanais a rinne an Freagróir.

Rinne an tUasal O’Gara ionadaíocht ar a shon féin sa chás agus chuir in aghaidh na gcúiseamh in éisteachtaí fada sa dá Chúirt. Rinne sé iarracht a áiteamh ar an gCúirt go raibh sé mar chuntasóir gairmiúil agus mar iarbhall de cheann de na comhlachtaí inniúil ar an obair ábhartha iniúchta a dhéanamh. Le linn dóibh a gcinntí a dhéanamh ghlac na cúirteanna le fianaise ó gach ceann de na comhlachtaí cuntasóireachta aitheanta nach raibh ag an Uasal O’Gara deimhniú cleachta iniúchta reatha. I gcaitheamh na n-imeachtaí thug finnétithe ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus ó Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann fianaise maidir leis an reachtaíocht. Thug beirt fhinné ó OSFC, Garda Bleachtaire a bhí i nduine amháin acu, fianaise freisin. Ba thriail bhríomhar an cás den reachtaíocht agus de na cruthúnais Chúirte bhainteacha.

Tá sé ráite ag an Uasal O’Gara ó shin i leith go bhfuil achomharc curtha chuig an Ard-Chúirt maidir le cinneadh na Cúirte Cuarda.

Iarratais Leachtaitheora ar Shrianadh agus ar Dhícháili

Tá tagairt déanta thuas do ról an OSFC leachtaitheoirí a scaoileadh óna ndualgas reachtúil imeachtaí srianta a thionscnamh i gcoinne stiúrthóirí ar chuideachtaí faoi leachtú. I bhfíorbheagán de na cásanna a ndearna OSFC measúnú orthu níor mhór do leachtaitheoirí imeachtaí srianta a thionscnamh san Ard-Chúirt.

I 2009 rinneadh an Ard-Chúirt cinneadh i 68 gcás (54 i 2008), agus srianadh nó dícháilíodh stiúrthóirí i 62 chás (49 i 2008), is é sin i 91% den iomlán (91% freisin i 2008). Níor forchuireadh aon ordú srianta sna sé cás eile (cúig cinn i 2008). Tá sé le tuiscint ó na torthaí sin go bhfuil ag éirí leis an OSFC i gcónaí cásanna a oireann do chaingean san Ard-Chúirt a aithint.

Maidir le stiúrthóirí aonair, srianadh 108 stiúrthóir (76 i 2008), dícháilíodh dhá stiúrthóir déag (sé i 2008), ní dhearnadh ordú ar bith i leith aon stiúrthóir déag, agus ní raibh aon ócáid inar forchuireadh idir ordú srianta agus ordú dícháilithe ar stiúrthóir i 2009 (beirt i 2008). Ciallaíonn sin go ndearna an Chúirt orduithe i leith 92% de na 131 stiúrthóir (91% i 2008) a bhí ina n-ábhar d’imeachtaí um shrianadh nó dhícháiliú i 2009.

Maidir leis na himeachtaí um shrianadh a cuireadh i gcrích san Ard-Chúirt i 2009 léirítear in **Aguisín 2.2.3** den Tuarascáil seo toradh na gcásanna inar forchuireadh orduithe srianta agus tugtar ainmneacha na ndaoine a bhí i gceist.

Ainmnítear in **Aguisín 2.2.4** na sé cuideachta ar chinn an Ard-Chúirt i 2009 nár chóir ordú srianta a fhorchur ar aon cheann dá stiúrthóirí.

Molann an Stiúrthóir roinnt leachtaitheoirí as a thoilteanaí a bhíonn siad i gcónaí imeachtaí dícháilithe a thionscnamh i ndáil le mí-iompar tromchúiseach braite. I 2009 tionscnaíodh imeachtaí rathúla i gcoinne dhá stiúrthóir déag ar chuideachtaí dócmhainneacha (ocht ar 2008). In **Aguisín 2.2.5** ainmnítear na daoine atá i gceist agus na tréimhsí dícháilithe. Tá roinnt faisnéise maidir leis na cásanna sin ar fáil i **Léiriú 2.2.2** a ghabhann leis seo. Tá súil leis an Stiúrthóir go dtionscnófar cásanna eile cosúil leo i 2010.

Dícháiliúcháin agus Srianta i gCoitinne

Bhí níos mó ná 3,200 pearsa ainmnithe ar Chlár na nDaoine Dícháilithe ag deireadh na bliana 2009 (2,700 ag deireadh 2008) cé go ndearnaíonn sé go bhfuil roinnt iontrálacha ann faoi dhó. Meastar 3,000 a bheith dícháilithe; tá 190 dícháilithe de bharr Ordú na hArd-Chúirte; dícháilíodh 10 as loiceadh a ndícháiliúchán a fhógairt i ndlínse eile, agus dícháilíodh 11 ar an mbonn gur ghníomhaigh siad mar stiúrthóirí le linn dóibh bheith srianta.

Tríd is tríd bhí laghdú glan ó 624 go 538 ar an líon daoine ar Chlár OCC na bPearsana Srianta de bhí gur baineadh den Chlár i 2009 roinnt pearsana a srianadh níos luaithe toisc go raibh a dtéarmaí srianta cúig bliana istigh. Léirítear sa tábla a leanas líon na bpearsana ar an gClár ag deireadh gach bliana ó 2005 i leith.

Líon na Stiúrthóirí a bhí srianta ó dheireadh 2005 go deireadh 2009 go huile				
Deireadh 2005	Deireadh 2006	Deireadh 2007	Deireadh 2008	Deireadh 2009
600	685	791	624	538

Coinníonn Cláraitheoir na gCuideachtaí chun dáta clár na bpearsana srianta agus dícháilithe agus cuirtear áis chuardaithe poiblí na gclár sin ar fáil ar líne ag www.cro.ie.

Léargas 2.2.2: Cuideachtaí Dócmhainneacha - Dícháilíocháin Leachtaitheoirí i 2009

Dícháilíodh Jason Davis, stiúrthóir Jason Davis Security Management Services Ltd. ar feadh ocht mbliana. D'éist an Chúirt fianaise ar ath-threorú €67,500 in airgeadú cuideachtaí i dtreo úsáid mar earlaisí ar dhá árasán i Spáinn agus ar aistriú sócmhainní féichiúnaí ar luach €280,000 móide fostaithe chuig dhá chuideachta athbheochana 'phoenix companies' d'fhonn ceadúnais nua slándála a ghnóthachtáil. Thíolaic na Coimisinéirí Ioncaim a raibh thart ar €1 milliún i gcáin amuigh acu achainí chun an chuideachta a fhoirceannadh.

Dícháilíodh Peter Killeen agus Lorraine Higgins, stiúrthóirí P.S.K. Construction Ltd ar feadh seacht agus cúig bliana faoi seach. Chuir an Chúirt dliteanas pearsanta orthu maidir le fiacha na cuideachta⁵⁰. Rinne an Chúirt ordú freisin i gcoinne an Uasail Killeen faoi Alt 297A⁵¹ d'Acht na bliana 1963. D'éist an Chúirt fianaise gur chinn sé €1.6 milliún faoi bhun dliteanas mhíosúil na cuideachta le haghaidh ÍMAT/ÁSPC agus Cáin Chonarthaí Iomchuí (RCT) ábhartha a dhearbhu agus a íoc. Measadh go raibh thart ar €2.6 milliún i gcáin amuigh ar an gcuideachta ag am a leachtaithe.

Dícháilíodh Sean Hartigan, stiúrthóir Prestige Recycling Co Ltd ar feadh seacht mbliana. D'éist an Chúirt fianaise gur thrádáil an chuideachta nuair a bhí sí dócmhainneach ar feadh tréimhse sách fada, gur chlis uirthi cáin a íoc nuair a bhí sí dlite, gur chlis uirthi leabhair chuntais agus taifid chuí a choinneáil agus gur chlis uirthi tuairisceáin reachtúla a chur chuig OCC ar feadh roinnt bhlianta. D'aistrigh an tUasal Hartigan daoine a bhí fostaithe sa chuideachta freisin chuig an ngnó a bhí aige mar thrádáil aonair le linn dó dliteanas a bheith aige sa chuideachta. Measadh go raibh dliteanas cánach de bhreis agus €310,000 ag an gcuideachta an am a cuireadh faoi leachtú í.

Dícháilíodh John Dillon, Anthony Brierton agus Glen Kane, stiúrthóirí Rodaka Ltd, ar feadh sé bliana. D'éist an Chúirt fianaise go raibh cailteanas mór trádála tabhaithe ag an gcuideachta thar thréimhse trí bhliana, gur thrádáil sí ar feadh achar ama le linn di bheith dócmhainneach, nár riar sí i gceart scéim pinsin na cuideachta agus go raibh riaráistí dlite dá bharr agus gur loic uirthi Cáin Chonarthaí Iomchuí (RCT) a bhaint agus dul i mbun comhoibrithe iomláin leis an leachtaitheoir.

Cuireadh téarmaí dícháilithe cúig bliana ar Paul McArthur, stiúrthóir SGCI Ltd, cuideachta a chuir seirbhísí cosanta slándála ar fáil san earnáil miondíola, a raibh cónaí air san RA. Measadh gur stiúrthóir bainistíochta éifeachtúil a bhí ann agus gurbh é a bhí freagrach as an méadú ó €120,000 go níos mó ná €800,000 ar dhliteanas cáin na cuideachta i dtréimhse 17 mí. Aistríodh suim airgid €68,000 as an gcuideachta sular cuireadh faoi lechtú í agus aistríodh suimeanna ar luach €128,000 ina n-iomláine go dtí cuntais bhainc san RA agus sa Spáinn a bhí á riar ag an Uasal McArthur. Srianadh beirt stiúrthóirí eile ar feadh tréimhse cúig bliana.

Measadh go raibh Hugh O'Neill ina *de facto* stiúrthóir ar Marhug Engineering Services Ltd agus dícháilíodh é ar feadh cúig bliana. Bhí fianaise ann maidir le gníomhaíocht athbheochana 'phoenix activity', gur chlis ar an gcuideachta leabhair chuntais agus taifid chuí a choinneáil agus gur bhain an tUasal O'Neill úsáid as maoin na cuideachta chun fiacha a bhí air ag cuideachta a bhí aige níos luaithe a íoc, go ndearna sé aistarraingtí mírialta ón gcuideachta chun a leasa féin, gur ath-threoraigh sé maoin ó thrádáil iarleachtaithe go dtí cuideachta eile agus gur chuir sé tuairisceáin bhréagacha chuig OCC inar ainmnigh sé a iníon mar stiúrthóir agus níos deireanaí rinne sé iarracht é sin a iompú ar ais. Ba ghar do €240,000 na dliteanas chánach chuideachta.

Bhí FAI Finance Corporation Ltd i mbun gnó ag soláthar airgeadú agus iasachtaí tomhaltóra san RA den chuid is mó. D'éist an Chúirt fianaise gur cheil Terence Youngman, stiúrthóir, forstaid leabhair iasachta na cuideachta trí fhalsú a dhéanamh ar chur i gcrích íocaíochtaí iasachta a bhain le hairgead a thabhairt ar airleacan agus a aisíoc ar an bpoinnte boise, agus trí dhul i gclaonpháirt le daoine eile go feasach chun iasachtaí fophríomha, ar bheag seans go n-íocfaí air ais iad a fháil isteach sa chuideachta. Measadh go raibh easnamh de €52 milliún tráth a cuireadh an chuideachta faoi leachtú de bharr neamh-aisghabháil tromlach na n-iasachtaí a tugadh ar airleacan. Dícháilíodh é ar feadh cúig bliana.

Dícháilíodh Martin Harran, stiúrthóir cúil ar Etonford Ltd, cuideachta a bhí gafa le díolachán urláraigh lannaigh agus adhmaid ar feadh ceithre bliana. Bhí fianaise ann go raibh an chuideachta ag trádáil nuair a bhí sí dócmhainneach, nár cuireadh faoi leachtú í go pras, gur baineadh de Chlár na gCuideachtaí níos luaithe í toisc gur chlis uirthi tuairisceáin reachtúla a chur isteach agus gur chlis uirthi leabhair chuntais agus taifid chuí a choinneáil. Ba é €387,000 an dliteanas do na Coimisinéirí Ioncaim. Srianadh beirt stiúrthóirí eile, mic an stiúrthóra chúil, ar feadh cúig bliana an duine.

Dícháilíodh Brian Lattin, stiúrthóir ar Dublin Wholesale Bag Company Ltd, ar feadh dhá bhliain. D'éist an Chúirt fianaise nár cuireadh i gcrích ó 1998 i leith aon chuntais iniúchta nó bhainistíochta, nár cuireadh tuairisceáin bhliantúla chuig an OCC ón am sin i leith agus nár chomhoibrigh na stiúrthóirí sa leachtú. Bhí fiacha de €320,000 amuigh uirthi ag na Coimisinéirí Ioncaim ag am leachtaithe lena n-áirítear CBL a fabhraíodh idir 2000 agus 2008 agus ÍMAT a fabhraíodh i 2007/2008. Srianadh an dara stiúrthóir ar feadh cúig bliana.

50 Alt 204 d'Acht na bliana 1990: dliteanas pearsanta oifigeach cuideachta i gcás nach gcoinnítear leabhair chuí chuntais.

51 Dliteanas sibhialta pearsana a bhíonn bainteach le trádáil chaloiseach nó mheargánta chuideachta.

Conclúid

Bhí gníomhaíocht forfheidhmithe shibhialta agus choiriúla na hOifige srianta ó riachtanas i 2009 de bharr ath-imscaradh acmhainní foirne lena gcur chun fónamh in imeachtaí áirithe in Anglo agus san imscrúdú ar an méadú mór ar thuarascálacha leachtaitheora chuig an Oifig nár mhór déileáil leo laistigh de thráthchlár reachtúil. Cás sonrach ba ea an laghdú mór ar na hacmhainní Garda a bhí ar fáil d'imscrúduithe coiriúla na hOifige.

In ainneoin na mbrúnna neamhghnácha sin ghlac an Oifig roinnt bearta i 2009 chun leibhéal réasúnta láimhdeachais i réimse an fhorfheidhmithe a chinntiú. Orthu sin bhí:

- níos mó leasa a bhaint as gnáthfhoireann OSFC chun ráitis finnétithe a ghlacadh in imscrúduithe coiriúla. Beidh an fhoireann Gharda á cur féin chun fónamh chun agallaimh a chur ar dhaoine a bhfuil amhras faoi go bhfuil siad ciontach i gcion;
- foireann dlí a ath-shannadh d'fhorbairt agus do bhainistiú cásanna arbh fhéidir go dtionscnófar caingne dícháilithe in leith;
- úsáid níos fearr a bhaint as an rogha leighis atá ar fáil faoi Alt 371 d'Acht na bliana 1963 (arna leasú) chun mainneachtanaí braite a réiteach agus a phionósú i gcásanna oiriúnacha.

Ba chóir go mbeadh sochar na gcinntí seo níos soiléir i 2010 agus go gcuideodh sé chun teacht roimh an mheatha ar ghníomhaíocht forfheidhmithe a tharla i 2009. Ach ní bheifear ó riachtanas ag dréim leis an oiread sin a bhaint amach maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmithe an fhad a mhairfidh imscrúdú Anglo.

Aidhm 3 – Seirbhísí den scoth a sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

Réamhrá

D'fhan seirbhísí den scoth a sholáthar dá fhoireann agus don phobail i gcoitinne mar aidhm tosaíocht don Oifig i 2009. Léirítear thíos na príomhfhorbairtí mar bhun le cur i gcrích feidhmeanna na hOifige i rith 2009.

Fo-Aidhm 3.1: Acmhainní OSFC a Dhaingniú agus a Bhainistiú go Stuama

Foireann

Ag tús 2009, bhí 45 foireann ann ag an Oifig. Mar gheall ar éilimh an imscrúdú Anglo agus an méadú substaintiúil i dtuairiscí leachtaitheoirí ceaptha ar cuideachtaí nua-dóchmhainneacha, bhí roinnt ath-implonú inmheánach foirne na hOifige riachtanach. Áfach, ba ghá na h-éilimh seo freisin ullmhú pras aighneachtaí ón Stiúrthóir ar an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta agus ar Coimisinéir na nGardaí ag lorg breis achmhainní foirne chun cabhrú linn an obair breise seo a bhainistiú. Cuireadh ar fáil go pras cúigear foireann breise, agus imlonnaíodh chuile ach duine amháin díobh ar an imscrúdú Anglo. Sannadh an ball foireann eile do Aonad Dóchmhainneacht na hOifige chun cabhair le déileáil leis an breis-uimhir tuairiscí leachtaitheoirí.

Thug é seo árdú ar leibhéal ceadaithe an OSFC ó 46 ag tús 2009 go dtí 51 ag deiridh na bliana. Ag 31 Nollaig 2009 bhí 49.7 coibhéis lánaimseartha mar foireann. In **Aguisín 3.1.1** soláthraítear briseadh síos ar fhoireann na hOifige ag ceann na bliana.

I lár-2009, shann Coimisinéir na nGardaí freisin cúigear breis Bleachtairí Garda don imscrúdú Anglo gaolmhara an OSFC agus Biúro an Ghárda um Imscrúdú Calaoise (BGIC), agus bhíodar ag tacaíocht ar imscrúdú an BGIC ag deiridh na bliana.

Acmhainní Airgeadais

Is trí Fhómhírcheann A09 de Vóta 34 (An tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta) a maoiníodh costais riaracháin na hOifige i 2009. Tá achoimre na suimeanna a dáileadh agus a caitheadh ar fáil faoi na príomh-cheannteidil Phá agus Neamhphá faoi Fómhírcheann A09 agus Fómhírcheann X02 (Costais Dlí) sa tábla a leanas. Tá briseadh síos níos mine ar fhigiúirí Fómhírcheann A09 in **Aguisín 3.1.2**.

Fómhírcheann A09, Vóta 34	2009 Cionroinnt (€000nna)	2009 Caiteachas (€000nna)
Pá	2,655	2,663.5
Neamhphá	2,880	2,941.1
Iomlán	5,535	5,604.6
Fómhírcheann X02, Vóta 34	34	195.5
Iomlán Fómhírcheann A09/X02	5,569	5,800.1

Bhí sa tháirgeacht de bheagán thar €5.8 milliún méadú de 34% ar an táirgeacht de €4.34 milliún i 2008. B'é príomh-chúis an méadú ná costais a thabhaigh an Cigire a cheap an Ard-Chúirt chun fiosrúcháin a dhéanamh i gcúrsaí áirithe DCC plc, Lotus Green Ltd. agus S & L Investments Ltd. Críochnaíodh an Fiosrúchán seo go deiridh i 2009 agus foilsíodh an Tuairisc in Eanáir 2010. Caitheadh €0.99 milliún den costas iomlán measta de €1.4 milliún i 2009.

B'é an dara príomh-chúis an méadú caiteachais ná costais €0.85 milliún a dhámh an Chúirt Uachtarach in aghaidh an Oifige i gcás achomhairc dícháiliú, tugadh mar gheall ar cinnti i Tuairisc Cigire na hArd-Chúirte 2004 a rinne imscrúdú ar cúrsaí áirithe i National Irish Bank Ltd. agus National Irish Bank Financial Services Ltd.

Ag fágáil as an áireamh an dá mhíreanna úrghnácha seo i 2009, beidh sé soiléir ó **Aguisín 3.1.2** go n'éirí leis an Oifig caiteachas i raon de réimsí a chiorrú de thoradh ar iarratas an Rialtais caiteachas neamh-riachtanach a theorannú a mhéid is féidir. Laghdaigh é seo go dosheachanta an méid obair fógraíocht agus tionscnaimh a rinne an Oifig i rith na bliana. Áfach in áiteanna eile, d'aimsíomar feabhsú praghasanna conarthaí in ásc amháin nó dhá áscanna. D'fheidhmíomar go rathúil freisin laghdú de 8% táillí proifisiúnta faoi shainordú an Rialtais. Go foriomlán, tá an Stiúrthóir sásta go fuair an Oifig luach níos fearr ar airgead maidir le caiteachais na hOifige i 2009.

Dul chun cinn Eagraíochtúil

I 2009 chuaigh OSFC sa tóir ar shaineolaithe seachtracha chun cuidiú léi obair imscrúdaithe agus forfheidhmithe a dhéanamh thar aon rud eile. Mar shampla, bhí oilteacht Aonaid Coireacht Ríomhaire na Gardaí ag teastáil go háirithe agus doiciméid leictreonacha áirithe a fháil agus áitreabh Anglo a chuardach i 2009. Fuarthas uirlisí bogearraí feabhasaithe i rith na bliana freisin.

Choinnigh an Oifig a Phainéil Chuntasáíochta agus Dlí freisin, ina bhfuil ainmneacha na ndaoine agus na ngnóthas ar mhian leo go gcuirfí san áireamh iad i dtaca le tascanna saineolais. Beidh na Painéil sin oscailte gach tráth d'iaratasóirí ar mian leo seirbhísí dá leithéid a sholáthar don Oifig, agus tá sonraí le fail ar suíomh gréasáin OSFC.⁵²

Plean Gnímh um Bainistiú Baoil

I 2009 rinne an OSFC athbhreithniú agus tabhairt chun dáta ar phleananna na hOifige maidir le bainistíocht bhaoil i gcomhairle leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Rinneadh an plean i dtosach de bharr moltaí faoi shaincheisteanna freagrachta sna réimsí a bhain le rialú inmheánach airgeadais, socruithe iniúchta inmheánaigh agus bainistiú bhaoil i dTuarascáil Mullarkey.

Fo-Aidhm 3.2: Foireann a Chur Chun Cinn

Bainistíocht Feidhmíochta

Fuair foireann OSFC thart ar 120 lá oiliúint agus eolais i 2009 (thart ar 140 lá i 2008). Soláthraíodh beagnach 32 lá do 15 ball foirne as acmhainní OSFC i rith 2009. Chomh maith leis seo, chuir an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta thart ar 90 lá oiliúna breise ar fáil do 24 d'fhoireann OSFC (ina raibh 45 lá ar mhaithe do 9 d'fhoireann oiliúnt TF).

Cuireann OSFC Bainistíocht Feidhmíochta, a fheidhmiú ar fud na Ranna agus na hOifigí Rialtais uile, i bhfeidhm ar bhonn leanúnach gach bhliain. Tá baint díreach aige le Plean Gnó Bliantúil na hOifige, soiléirítear leis ról agus cion oibre na mball foirne i leith an Phlean Ghnó agus sainítear leis freisin riachtanais oiliúna foirne.

Obair Mheithealbhunaithe

D'oibrigh foirne ildisciplíneacha ar bhonn leanúnach laistigh de OSFC chun méid mór de chásobair éagsúla na hOifige a láimhseáil i réimsí an bhraite, an fhorfheidhmithe agus na dócmhainneachta. Tá cáirt macasamhlach rannpháirteacht bainteach foireann OSFC de réir réimse feidhmiúcháin in **Aguisín 3.2.1**.

I gcaitheamh 2009 faoi Alt 13(1) d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí na Cuideachtaí 2001, rinne an Stiúrthóir deich d'ionstraim ag tarmligeán go foirmiúil feidhmiú cumhacht amháin nó níos mó dá chumhachtaí chuig foireann Oifige ainmnithe. Iontu, bhí sé n-ionstraim a bhí ann cheana leasuithe agus ba chuig foireann nua-ainmnithe feidhmiú thar ceann an Stiúrthóir a raibh ceithre díobh.

Fo-Aidhm 3.3: Seirbhísí Custaiméara a Fheabhsú

Seirbhísí a Chuirtear ar Fáil

Gheall OSFC acmhainní nach beag a chur ar fáil i 2009 d'fhorbairt agus d'úsáid na teicneolaíochta chun faisnéis a sholáthar dá custaiméirí, chun ionchur a fháil ó chustaiméirí agus chun feabhas a chur ar éifeacht chleachtas oibre. Ar na seirbhísí a thairgeann an Oifig don phobal agus do lucht gairme tá:

- faisnéis faoi dhlí na gcuideachtaí agus faoi chúrsaí gaolmhara via suíomh gréasáin na hOifige, foilseacháin, etc;
- cainteanna, seimineáir agus tionscnaimh ghéilliúntais eile arna gcur ar fáil ag foireann na hOifige, na sonraí atá leagtha amach níos luaithe sa Thuairisc seo;
- áis a ceadáíonn don phobal gearáin a dhéanamh maidir le cásanna ina raibh amhras faoi mhí-iompar;
- seirbhísí reachtaíocht-bhunaithe trína gceanglaítear ar iniúcháirí, ar leachtaitheoirí agus ar pháirtithe leasmhara eile cásanna ina bhfuil amhras faoi shárú dhlí na gcuideachtaí a thuiriscíú don Oifig;
- cúnamh ginearálta a thairgtear do chliaint na hOifige ar an bhfón, trí chomhfhreagras, le ríomhphost, etc. Mar shampla cuireadh 586 bhfiosrú chuig an gcuntas info@odce.ie i rith na bliana agus freagraíodh go pras iad (468 i 2008).

Foilseacháin

Mar a léiríodh níos luaithe, ullmhaíodh agus foilsíodh 14 chinn d'fhoilseacháin fhoirmeálta i 2009 mar a chuirtear in iúl in **Aguisín 1.1.1** den Tuarascáil seo. Díobh iadsan, foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil OSFC don bhliain 2008 agus na Achoimre Treoir Mhear (8 in iomlán) sa dá theanga oifigiúla.


Scríobh roinnt ball foirne OSFC páipéir agus rinne láithreoireachtaí le haghaidh na meán náisiúnta agus gairmiúla agus le haghaidh lucht gnó agus grúpaí eile, agus ghlac siad páirt in agallaimh sna meáin náisiúnta agus áitiúla ar iarratas.

Suíomh Gréasáin

I 2009, tarraingíodh uimhreacha i gcuriarracht de 230,469 cuairt chuig an suíomh gréasáin OSFC, méadú de 63% ar an uimhir comhionann de 141,557 i 2008. Taispeánann an cáirt tionlacain go raibh níos mó cuairteanna gach mí i 2009, seachas mí amháin, ar an suíomh ná sa mhí céanna i 2008.

52 Féach ar www.odce.ie/ga/media_general_publications.aspx?page=2

Cuairteanna ar Suíomh Gréasáin OSFC 2008/2009




Ar na hábhair nua a seoldadh chuig an suíomh gréasáin bhí:

- na foilseacháin nua de chuid na hOifige a luadh thuas;
- an dhá Achtanna gCuideachtaí nua agus reachtaíocht táinisteach nua eile;
- cóipeanna de láithreoireachtaí áirithe a rinne an Oifig do ghrúpaí ó na hearnálacha gnó, gairmiúla agus do ghrúpaí leasmhara gaolmhara;
- preasráitis, ailt, srl. a d'eisigh an Stiúrthóir agus baill foirne eile agus
- na torthaí ar chásanna Cúirte a d'ionchúisigh an Stiúrthóir ina raibh amhras faoi sháru dlí nó dualgas cuideachta agus cinní eile Cúirte a bhain le dlí na gcuideachtaí.

Agus í ag feidhmiú straitéis cumarsáide níos chost-éifeachtúla, rinne an Oifig uasghrádú suntasach ar roinn Ceisteanna go Minic Iarrtha dá suíomh idirlíne⁵³ i rith na

bliana. Tá sa roinn CMI anois, a féidir a fháil go díreach ón leathanach baile, 13 eanáil le ábhair bainteach le gearráin, stiúrthóirí cuideachta, cruinniú, réitiú díospóid agus rl. san áireamh. Seoltar cuid mór scairteoirí atá ag lorg eolas ginearálta chuig an bunachar sonraí seo chun tuilleadh eolas a fháil. Tá sé le hintinn na CMIanna a uasdhátú go leanúnach ar bun ceisteanna a faightear mar a luaitear thuas. Tá gabháil scáileáin den roinn nua CMI thíos.

Ag deiridh 2009, bhí 891 custaiméir cláraithe agus súil acu go gcuirfí teachtaireacht chucu má bhí aon fhaisnéis nua curtha ar fáil ar an suíomh gréasáin (817 ag deiridh 2008). Cláraíodh 76 nduine díobh den chéad uair i 2009 (48 i 2008), méadú suntasach ón uimhir cothromach de 48 i 2008.



53 www.odce.ie/ga/faq.aspx.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF)

Tá taifid uile na hOifige (seachas iadsan a bhaineann le riarachán ginearálta) díolmhaithe ó na hAchtanna SF. I rith 2009 fuair OSFC trí iarratais ar thaifid faoin Acht. Tharraing siar iarratas amháin (ar thaifid nach raibh faoi na hAchtanna), láimhseáil lasmuigh den SF iarratas eile (.i. soláthraíodh an faisnéis lasmuigh den próiseas foirmiúil SF), agus deonadh an tríú iarratas go hiomlán.

Achtanna um Chosaint Sonraí

I 2009, choimeád an OSFC a clárú mar rialaitheoir sonraí le hOifig an Comisinéir Cosanta Sonraí. Cosnaíonn na hAchtanna Cosanta Sonraí 1988 go 2003 in aghaidh mí-úsáid nó nochtadh aon faisnéis a coinnítear faoi duine aonar, agus lean an OSFC seasamh lena oibligeáid sa réimse seo. Tá na n-oibligeáid seo comhseasmhach lena riachtainais dian féin in Alt 17 d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí na gCuideachtaí 2001.

I rith 2009, leasadh an reachtú a rialaíonn Cosaint Sonraí⁵⁴ ionas go mbéadh faisnéis áirithe pearsanta a coimeádann, *inter alia*, an OSFC, eisiata. B'é éifeacht an leasú ná srianadh ar fáil ar sonraí pearsanta a coimeádann daoine nó foras le feidhmeanna reachtúil chun cailteannas airgid ball poiblí a chosc agus go mbeadh i gcás go féidir an fáil sin dochar a dhéanamh ar cheart-chomhlíonadh na feidhmeanna sin. Is comhseasmhach seo le eisiaimh taifid neamh-riaracháin as Achtanna um Shaoráil Faisnéise agus an dualgas reachtúil rúndachta faoina oibríonn an Oifig. Ar gach slí eile tá an Oifig faoi cosaint a cuireann na hAchtanna ar fáil.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Foráiltear faoin Acht um Íoc Pras Cuntas d'íocaíocht úis le soláthraithe a mbíonn a sonraisc gan íoc ar an dáta forordaithe (de gnáth, 30 lá tar éis fáil an sonraisc). Sa chúinsí eacnamaíocht na linne seo agus sreabhadh airgid tirim rithabhachtach do gnóthas, is polasaí den Rialtais é soláthraithe a íoc lastigh de 15 lá fála sonraisc. Tá ag an Oifig freisin polasaí eagrú go glanfar gach sonrasc i modh tráthúil, agus cloíonn sí don rial 15-lá.

D'ainneoin iarracht is fearr na hOifige maidir le seo, tharraing íocaíocht amháin formhuirear úis i 2009. Ba é €6.66 an méid a bhí le híoc. B'é an uimhir iomlán éilimh íocaíocht a phróiseáil an Oifig i 2009 ná 1,047.

Géilliúntas i leith Caighdeáin Chomhaontaithe Seirbhíse Custaiméara

Tá sé geallta ag OSFC go gcuirfidh sí ar fáil seirbhís custaiméara den scoth dá foireann féin agus do gach ball den phobal a mbeidh sí ag déileáil leo. Is cuid den próiseas seo na Seirbhísí Aischothú agus Ghearráin ar an suíomh gréasáin.

Cé go ndéanfar gach iarracht cabhair a thabhairt do dhaoine a théann i dteagmháil leis an Oifig, fuarthas gearán maidir le braistint conas a dhéileáil ball foirne le custaiméir. Tar éis imscrúdú an gearán, cinneadh go ghníomh an ball foirne i gceart, agus dá bhrí sin níor seasadh leis an gearán. Leagadh amach dálaí na ceiste don gearánach, agus réitíodh an ábhar go sásúil. San ásc seo, níor bhain an gearánach leas as an modh foirmiúil gearáin; áfach, phléigh an Oifig an ceist de réir a Nós Imeachta Gearáin Chustaiméara foilsithe.

Laistigh na sriantaigh ulaigh oibre trom, 'sé tuarim an Stiúrthóir go baineadh amach géilliúntas sásúil lenár Caighdeáin Seirbhíse Chustaiméara i 2009. Mar sin féin, cinneadh go deiridh i 2009 athbhreithniú lán a ghabháil de lámh go luath i 2010 chun bheith cinnte go tsoláthraí an foireann dár gcustaiméirí caighdeán oiriúnach agus comhseasmhach.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

I rith Meán Fómhair / Deiridh Fómhair d'iniúch Oifig an Coimisinéir Teanga cloí OFSC ar a tiomántas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla san Oifig. Chuimsigh an iniúchadh idir oibleagáidí faoin Acht agus na ceangaltas sonraithe don chéad bliain feidhmiú Scéim 2008-2011 na hOifige comhaontaithe faoin Acht⁵⁵. Dar leis tuarisc an Coimisinéara Teanga, bhí an Oifig comhlíontach le idir an Acht agus a Scéim féin.

Árdaíodh an méid faisnéis faoin Oifig as Gaeilge ar an suíomh idirlín i rith an dara leath den bliain ionas go bhfeabhsáítear seirbhísí dár gcustaiméirí is mian leo a ngnó a dhéanamh trí mhean na Gaeilge.

I rith 2009, d'fhairsingigh an Oifig freisin gluais de théarmaí agus de nathanna dlí na gcuideachtaí chun cabhair de bhreis ball foirne agus iad ag déileáil le saoránaigh ar mhian leo a ngnó a dhéanamh leis an Oifig trí mhean na Gaeilge. Fanann éileamh ar seirbhísí trí Gaeilge go híseal, áfach, d'anneoin go foilsíodh an Scéim i 2008.

Conclúid

Ag cur san áireamh na dúshlán deacair in aghaidh na hOifige i 2009, tá an Stiúrthóir sásta go thug an Oifig arís i 2009 luach an-mhaith ar infheistiú an Stáit i ngéilliúntas agus forfheidhmiú dlí na cuideachta.

54 I.R. Uimh. 421 de 2009 – Na Rialacháin fán Acht um Cosaint Sonraí 1988 (Alt 5 (1) (D)) (Sonraíocht) 2009

55 Tá an Scéim le fáil ar an suíomh idirlín ag www.odce.ie/ga/media_general_publications.aspx.

Ionchas

Dá mhéad an t-éilimh ar acmhainní i 2009 ní móide go mbeidh éileamh níos lú ann sa bhliain atá amach romhainn. Níl amhras ach gur mó a bheifear gafa le himscrúdú Anglo ná le haon obair eile agus ciallóidh sin gur dóigh go ngearrfar siar nó go gcuirfear moill ar imeachtaí a mbeadh OSFC ag tabhairt fúthu murach é. Beifear ag glacadh beart eile chun na mainneachtanaí atá i gceist a cheartú nó a phionósú.

Táthar ag súil leis freisin go mbeidh an fás ar leachtuithe cuideachtaí ag leanúint ar aghaidh agus go mbeidh tuilleadh oibre maidir le tuarascálacha tosaigh leachtaitheora a mheasúnú ag teacht chuig an Oifig dá bharr ó riachtanas.

Féadfaidh sé freisin go mbeidh méadú ar líon na ngearán mar gheall ar amhras faoi mhí-iompar corparáideach ag eascairt ó na brúnna eacnamúla ginearálta.

